GLOBAL IRISH ECONOMIC FORUM

DUBLIN, 18-20 SEPTEMBER 2009

TUARASCÁIL

FHÓRAM EACNAMAÍOCHTA DOMHANDA NA hÉIREANN

18-20 MEÁN FÓMHAIR 2009

An Roinn Gnóthaí Eachtracha

CLÁR ÁBHAIR

Cúlra 3

Struchtúr agus formáid an Fhóraim 4

Freagairt fhoriomlán agus príomh-théamaí 7

Tionscnaimh shainiúla molta 10

Tuarascálacha achomair ar dhíospóireachtaí painéil 15

Buíochas 33

IARSCRÍBHINN 1
Liosta na rannpháirtithe 34

IARSCRÍBHINN II
Clár an fhóraim 41

IARSCRÍBHINN III
Téacs ó aitheasc oscailte An Taoisigh 47
Téacs ó aitheasc deiridh an Aire Gnóthaí Eachtracha 52

IARSCRÍBHINN IV (ar fáil as béarla)
Tuarascáil ullmhaithe ag Foras Bainistíochta na hÉireann ar ghrúpaí oibre geilleagracha, 18 Mean Fómhair 2009

CÚLRA

1. Reáchtáladh an chéad Fhóram Eacnamaíochta Domhanda na hÉireann in Eastát Farmleigh, Baile Átha Cliath idir 18-20 Meán Fómhair 2009. Ba é an Rialtas a d'eagraigh agus a bhainistigh an Fóram tar éis togra a fháil níos luaithe i mbliana ón Aire Gnóthaí Eachtracha, an tUasal Micheál Martin, T.D.

2. Bhí dhá chuspóir leathan ann le tionól an Fhóraim: fiosrú cén chaoi arbh fhéidir le hÉireannaigh i gcéin is i gcóngar, agus leo siúd ar spéis leo cúrsaí na hÉireann, saothrú as lámha a chéile agus rannchur lenár n-iarrachtaí go léir biseach eacnamaíoch a chothú; agus scrúdú a dhéanamh ar na bealaí ina bhféadfaí caidreamh níos straitéisí a fhorbairt idir Éire agus a muintir dhomhanda, go háirithe in earnáil na heacnamaíochta.

3. D'eisigh an Taoiseach, an tUasal Brian Cowen T.D. litreacha cuiridh i mí Aibreáin 2009 do liosta daoine arna n-aithint ag líonra Misean Taidhleoireachta na hÉireann thar lear agus ag na príomh-Ghníomhaireachtaí Stáit eacnamaíocha.

4. Thug an Taoiseach le fios sa litir sin go raibh Rialtais éagsúla na hÉireann i ndiaidh a chéile tar éis caidreamh ilsrathach a thógáil le muintir na hÉireann lasmuigh d'Éirinn, rud a chuir Éire mar eiseamláir do go leor tíortha eile. Luaigh sé "*an toradh nach beag a tháinig as na cásanna inar oibríomar go dlúth le chéile, ar nós próiseas na síochána i dTuaisceart Éireann.*" Mhaígh sé leis sin: *"Creidimse gur deis atá sa tréimhse dhúshlánach seo d'Eire agus dá muintir ar fud an domhain chun ár ngaol a threisiú agus chun bealaí nuálaíocha don chomhshaothrú a iniúchadh".*

5. Fuarthas freagra dearfach díograiseach ar bheagnach gach aon chuireadh a thug an Taoiseach amach. Faoi iamh in Iarscríbhinn I tá liosta iomlán de rannpháirtithe an Fhóraim. Áiríodh leis na freastalaithe, i dteannta leo siúd a fuair cuireadh anonn ón gcoigríoch ón Taoiseach: baill den Rialtas; Ard-Rúnaithe na Ranna Rialtais; POF na nGníomhaireachtaí Stáit; agus daoine mór le rá ó lucht

gnó agus cultúir na hÉireann. Tugadh cuireadh do roinnt daoine freisin freastal ar dhíospóireachtaí painéil earnálacha sonracha maidin an 19ú Meán Fómhair.

6. D'fhreastail thart ar 112 duine ó thar sáile, le 44 díobh siúd lonnaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá. I measc na réigiún agus tíortha eile ónar tháinig na hionadaithe bhí: An Bhreatain, An Eoraip, An Airgintín, Ceanada, An tSín, An Indinéis, An Chóiré, An Mhalaeisia, An Nua-Shéalainn, Na Filipíní, An Rúis, An Araib Shádach, Singeapór, An Afraic Theas agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AEA)

STRUCHTÚR AGUS FORMÁID AN FHÓRAIM

7. Cuireadh meascán cothrom do chlár an deiridh sheachtaine le chéile go cúramach, lenar áiríodh seisiúin iomlánacha, grúpaí oibre geilleagracha, díospóireachtaí painéil téamacha agus imeachtaí líonraithe. Faoi iamh tá cóip den chlár iomlán in IARSCRÍBHINN II.

8. Bhí na cruinnithe iata do na meáin cé is moite d'aitheasc oscailte an Taoisigh, an díospóireacht iomlánach deiridh 'Éire agus a Diaspóra' agus aitheasc deiridh an Aire Gnóthaí Eachtracha, le hionadaithe na meán ag freastal orthu siúd, agus sruthlú beo de ar láithreán gréasáin RTÉ. Aontaíodh leis na rannpháirtithe roimh ré go n-oibreodh an díospóireacht sna seisiúin dúnta faoi 'rialacha Teach Chatham' trínar féidir na hábhair a pléadh iontu a thuairisciú, ach nach féidir an fhoinse a lua - cur chuige a fheictear sa tuarascáil achomair seo agus sna hiatáin léi.

9. Bunaíodh ionad do na meáin ar an láthair, agus fuair ní ba mhó ná 130 ball de na meáin idirnáisiúnta agus náisiúnta creidiúnú don imeacht. Bhí na rannpháirtithe ar fáil i gcomhair agallamh in ionad na meán agus do RTÉ agus Bloomberg TV, agus an bheirt acu siúd ag beochraoladh ó Theach Farmleigh.

10. Thapaigh roinnt mhaith rannpháirtithe an deis chun leas a bhaint as na saoráidí físbhlagadóireachta a chuir an Roinn Gnóthaí Eachtracha ar fáil ar an láthair.

Is féidir breathnú orthu seo ar leathanach baile láithreán gréasáin an Fhóraim www.globalirishforum.ie

11. Cuireadh tús leis na himeachtaí foirmiúla tar éis am lóin ar an Aoine, 18 Meán Fómhair, leis an aitheasc tosaigh á thabhairt ag an Taoiseach. Reáchtáladh díospóireacht iomlánach ina dhiaidh sin ar an téama: *"An geilleagar domhanda: Ag socrú Éire don chor chun feabhais"'*. Imlínítear mionsonraí an phainéil, an mhodhnóra agus achoimre den chomh-dhíospóireacht táirgiúil sin ar leathanaigh 14-16.

12. Tar éis an chruinnithe iomlánaigh sin is amhlaidh a chuaigh na rannpháirtithe in aon ghrúpa oibre dhéag ar leithligh, agus gach aon cheann acu ag imscrúdú ceisteanna ar ábhartha iad d'fhorbairt agus forfheidhmiú na cáipéise *'Building Ireland's Smart Economy'*. Ghlac Aire Rialtais páirt i ngach aon cheann de na grúpaí oibre arna n-éascú agus arna mbainistiú ag Foras Bainistíochta na hÉireann.

13. Is iad seo a leanas an t-aon ábhar déag a pléadh sna grúpaí oibre:

Ábhar an Ghrúpa Oibre
Conas a mheallann Éire infheistíocht isteach ar luach níos airde (m.sh. tuilleadh T&F) agus conas a dhaingníonn sí infheistíocht eisidh?
Conas ar féidir linn cabhrú le cuideachtaí onnmhairithe dúchasacha na hÉireann a réim a ghnóthú?
Conas a chruthaímid "Silicon Valley na hEorpa" in Éirinn, .i. ag mealladh buanna, fiontraithe, IP s.rl.?
Conas ar féidir lenár gcóras oideachais aghaidh a thabhairt ar aon easnamh i scileanna d'fhonn daoine óga a ullmhú le bheith mar cheannairí oilte na hEacnamaíochta Cliste (cruthaitheacht, nuálaíocht agus taobhsmaointeoireacht a chothú)?
Conas ar féidir le hearnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann leas a bhaint as earnálacha airgeadais agus baincéireachta na todhchaí?
Conas a fhorbraíonn Éire ina ceannaire i gcoinbhéirseacht teicneolaíochta (TFC/Fuinneamh/Sláinte s.rl.)?
Conas a fhorbraímidne ár ngeilleagar íseal-charbóin?
Conas a chuirimid caiteachas caipitil in ord tosaíochta d'fhonn an bonneagar atá de dhíth ar an

nGeilleagar Cliste a chur ar aghaidh go gasta agus na gnóthachain déantúsaíochta a ghabhann léi?

'Turasóireacht: conas ar féidir le hÉire í féin a lonnú mar shuíomh ceannasaíochta domhanda don chéad ghlúin eile turasóirí'

Tá dúshláin nach chonacthas riamh os comhair earnálacha bia agus talmhaíochta na hÉireann. Cad iad na hathruithe atá riachtanach chun an earnáil a athrú d'fhonn a todhchaí mar thionscal inbhuanaithe fadtéarmach a dhaingniú?

Cén ról ar féidir a bheith ag príomhchathair cultúrtha agus ealaíne na hÉireann maidir lenár ngeilleagar a fhorbairt?

14. Ba é Foras Bainistíochta na hÉireann a chuir na smaointe a gineadh sna grúpaí sin i dtoll a chéile, agus a tugadh do chruinniú iomlánach na rannpháirtithe Dé Sathairn 19 Meán Fómhair. Faightear sonraí iomlána na gcomhphléanna sin agus na smaointe a gineadh iontu i dtuarascáil Fhoras Bainistíochta na hÉireann faoi iamh in IARSCRÍBHINN IV.

15. Tharla ceithre dhíospóireacht éilitheach ar leithligh maidin Dé Sathairn 19 Meán Fómhair. Dhírigh na cruinnithe comhreatha sin ar na téamaí seo a leanas:

- *'Íomhá na hÉireann thar lear: cad í anois; conas a bhféadfaí í a fheabhsú agus cén ról ar féidir a bheith ag na meáin nua?'*
- *'Ag cur Branda na hÉireann chun cinn trínár bpróifíl chultúrtha domhanda'*
- *'Nuálaíocht - Greentech'*
- *'Nuálaíocht - Cumarsáid agus Fuinneamh'*

Imlínítear tuarascálacha achomair ó gach aon seisiún agus na príomhthorthaí le teacht astu ar leathanach 17 - 26.

16. Thaispeáin an Tánaiste feachtas nua margaíochta idirnáisiúnta de chuid IDA ag cur i láthair físeáin thar am lóin ar an 19 Meán Fómhair. Chonacthas seisiún iomlánach deiridh dá éis sin dar teideal *'Éire agus a Diaspóra: ag baint leasa as acmhainn uathúil'*. Faightear achoimre den chomh-dhíospóireacht ar leathanaigh 29 -31. Is féidir breathnú uirthi freisin ina hiomláine tríd an nasc atá ar fáil ar leathanach baile láithreán gréasáin an Fhóraim www.globalirishforum.ie.

17. Áiríodh roinnt imeachtaí líonraithe neamhfhoirmiúla leis an gclár, i dteannta leis na cruinnithe ag Teach Farmleigh. Áiríodh leo siúd: fáiltiú arna óstáil ag an Uachtarán Mhic Giolla Íosa ag Áras an Uachtaráin ar 18 Meán Fómhair; dinnéar arna óstáil ag an Tánaiste ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ar 19 Meán Fómhair; agus lón arna óstáil ag Ard-Rúnaí na Roinne Gnóthaí Eachtracha, agus Cluiche Ceannais Peile na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh ar 20 Meán Fómhair ina dhiaidh sin.

18. Ina theannta sin is amhlaidh a d'óstáil Fiontraíocht Éireann comh-dhíospóireacht straitéiseach roimh oscailt oifigiúil an Fhóraim ar an Aoine 18 Meán Fómhair idir roinnt rannpháirtithe agus ionadaithe tríocha cuideachta Éireannach in earnálacha ábhartha.

FREAGAIRT FHORIOMLÁN & PRÍOMHTHÉAMAÍ A THÁINIG AS

19. Chonacthas leibhéal ard díograise i measc na rannpháirtithe den Fhóram, le hoscailteacht agus neamhbhailbhe mar shainghné den chomhphlé. Bhí an t-aiseolas go dtí seo ó gach aon duine a d'fhreastail air rídhearfach, leis na rannpháirtithe ag maíomh sástacht nach beag le cáilíocht na gcomh-dhíospóireachtaí agus le bainistiú na himeachta. In ainneoin na ndúshlán mór atá os comhair na tíre, is amhlaidh a d'fháiltigh an chuid ba mhó de na rannpháirtithe roimh an leibhéal ard soirbhíochais a léirigh an oiread sin daoine mór le rá sa ghnó agus cultúr idirnáisiúnta faoi chumas na hÉireann agus faoi thodhchaí na tíre idir an meántéarma agus an fadtéarma. Aithníodh go forleathan freisin gurb é an cur chuige a imlínítear sa cháipéis 'Building Ireland's Smart Economy' an straitéis cheart don fhorbairt mheántéarmach.

20. Cuireadh líon mór tograí in iúl thar an deireadh seachtaine ar fud réimse leathan earnálacha. Cé gur tograí sonracha agus cainníochtúla a bhí i roinnt díobh siúd, bhain fócas ní ba leithne agus mianta le cuid eile díobh. D'aithin na rannpháirtithe roinnt téamaí agus saincheisteanna ar bhonn athfhillteach áfach.

21. Aibhsítear sa tábla seo a leanas roinnt de na téamaí trasearnálacha sin:

NA PRÍOMH-THÉAMAÍ A THÁINIG AS

1. Tréanghá chun an branda nó tairiscint a bhaineann le hÉirinn don mhargadh domhanda a athdhíriú agus a leasú. Teastaíonn 'seift nua don 21ú haois'.

2. Aitheantas gur sócmhainn ábhalmhór uathúil atá i bpobal Éireannach domhanda. Tacaíocht láidir d'fhorfheidhmiú beart sonrach trína dtógfaí caidreamh ní ba straitéisí idir Éire agus a muintir dhomhanda.

3. Tacaíocht láidir do líonra nua Éireannach domhanda (arna mholadh ag an Aire Gnóthaí Eachtracha) de dhéanamh iad siúd a bhí i láthair agus ar tugadh cuireadh dóibh a bheith i láthair ag an bhFóram. Feidhmeoidh an líonra sin mar chomhpháirtí leis an Rialtas chun eochair-theachtaireachtaí eacnamaíocha a scaipeadh thar lear, ag tabhairt comhairle um thionscnaimh shonracha agus ag cúnamh le forbairt an ghnó Éireannaigh thar lear.

4. Aitheantas do thábhacht an chultúir agus Éire á cur chun cinn thar lear, agus branda uathúil a fhorbairt don tír i margaí úra. D'aontaigh an chuid ba mhó de na rannpháirtithe go dtugann ár bhféiniúlacht chultúrtha uathúil láidir buntáiste iomaíoch láidir don Rialtas agus don earnáil phríobháideach thar sáile.

5. Aitheantas ginearálta gurbh sa cháipéis *'Building Ireland's Smart Economy'* a fuarthas an straitéis cheart don fhorbairt mheántéarmach.

6. Gá chun margaí idirnáisiúnta sonracha a roghnú agus chun díriú orthusan, agus chun ár mbonn scileanna agus infheistíocht a ailíniú dá réir.

7. Cumas láidir chun Éire a fhorbairt mar ionad ceannais do chosaint na maoine intleachtúla agus leaba tástála do thrialacha cliniciúla.

8. Gá le méadú suntasach ar leibhéil infheistíochta an Rialtais sa Taighde agus Forbairt.

9. Gá le spreagadh na feasachta i leith na hÉireann in eochair-mhargaí na hÁise.

10. Tacaíocht fhorleathan d'fhorbairt agus cur chun cinn na hÉireann mar 'oileán glas' ar fud réimse earnálacha, lena n-áirítear an bia, an turasóireacht agus nuálaíocht san fhuinneamh.

11. Gá le pointe teagmhála amháin sa Rialtas do ghnólachtaí, sa bhaile agus thar lear, d'fhonn leibhéil neamhriachtanacha an mhaorlathais a laghdú.

12. Tábhacht le forbairt agus tacaíocht do mheicníocht um maoiniú an chaiptil fhiontair do ghnólachtaí Éireannacha sa bhaile agus thar sáile.

13. Aitheantas don ghá chun leanúint ar aghaidh le straitéis onnghníomhach do chur in iúl na mbeart ceartaitheach a ghlacann an Rialtas le haghaidh a thabhairt ar dhochar do chlú na hÉireann thar lear ag eascairt as na laigí i gcóras rialúcháin airgeadais na hÉireann.

14. Gá le forbairt leanúnach an oideachais tríú agus ceathrú leibhéal le maoiniú fadtéarmach níos comhsheasmhaí dírithe ar an leibhéal eisceachtúil d'fheidhmíocht agus comhoibriú.

15. Béim ar an ngá do neartú an chórais oideachais chun cruthaitheacht níos mó agus líon méadaithe céimithe sa mhatamaitic agus sna heolaíochtaí a chothú.

16. Luach níos mó a chur ar Dhiaspóra na finíochta (náisiúnaigh eachtrannacha a chónaigh in Éirinn, atá tar éis filleadh ar a dtíortha dúchain anois) agus naisc nua a thógáil leo.

TIONSCNAIMH SHAINIÚLA MOLTA AG AN bhFÓRAM

22. Imlínítear sa tuarascáil mhionsonraithe ó IMI na tograí sonracha éagsúla a tháinig as gach ceann den aon ghrúpa oibre dhéag. Cuireadh smaointe breise in iúl ag na comh-dhíospóireachtaí painéil éagsúla iomlánacha agus éilitheacha i gcaitheamh an dá lá. Cuireadh iad sin i dtoll a chéile agus rinneadh iad a roinnt sna táblaí thíos idir cuspóirí sonracha a oireann do ghníomhú sa ghearrthéarma, agus na cuspóirí níos meántéarmaí a moladh. D'fhéadfadh an earnáil phríobháideach roinnt de na tionscnaimh liostaithe sin a thabhairt ar aghaidh, theastódh ceannaireacht an Rialtais ó roinnt eile, agus d'fhéadfaí roinnt díobh a fhorfheidhmiú ar bhonn comhpháirtíochta poiblí/príobháidí.

TIONSCNAIMH SHAINIÚLA LE hATHLEANÚINT SA GHEARRTHÉARMA	
1.	Líonra Éireannach Domhanda a bhunú lena n-áireofar mar bhaill iad siúd ar tugadh cuireadh chun an Fhóraim dóibh agus daoine mór le rá gnó agus cultúir eile ó phobal domhanda na nÉireannach.
2.	Láithreán gréasáin 'Geata na hÉireann' a chruthú chun gnó, cultúr, spórt s.rl. na hÉireann a chur os comhair an tsaoil trí leas a bhaint as ardteicneolaíocht agus ard-dearadh. Tionscnamh gan beann ar bhrabús, le haon ioncam a ghintear dírithe chuig tionscadail domhanda Éireannacha eile.
3.	Ionad nó Ollscoil de scoth domhanda a bhunú do na taibh-ealaíona agus cultúr na hÉireann laistigh d'fhoirgneamh sainchomhartha in Éirinn, le bheith mar ionad domhanda don oideachas ealaíonta agus cruthaitheach, don nuálaíocht agus teicneolaíocht.
4.	Cruthú bunachair shonraí chuimsithigh de dhaoine agus gnólachtaí Éireannacha le tionchar mór acu ar fud an domhain.
5.	Clár sonrach a bhunú- Clár Céimithe Coigríche Fhóram Farmleigh - a bheidh in ann tacú le suas chuig 500 céimí Éireannach óg ar bhonn bliantúil chun poist a shlánú i dtíortha eachtrannacha. Ba cheart go n-áireofaí leis an gclár sin meascán den fhostaíocht agus den oideachas lena n-áirítear teanga iasachta. Áireofar leis na spriocthíortha: An tSín, An tSeapáin, An Chóiré, An Rúis, An India.
6.	Cláir nua a fhorbairt do bhaill óga de mhuintir na hÉireann ar fud an domhain (ardscoil/iar-bhunscoil) chun bheith rannpháirteach i gcláir shocraithe daltaí in Éirinn.
7.	Fóram óige domhanda na nÉireannach a eagrú chun baill óga den Diaspóra a ghríosú chun gnímh.
8.	Forbairt agus forfheidhmiú Straitéis na hÁise leasaithe ag an Rialtas agus straitéisí comhchosúla a bhunú do mhargaí eile i mbéal forbartha.

9.	Forbairt a dhéanamh ar straitéis do chur chun cinn theagasc na dteangacha Áiseacha in Éirinn.
10.	Féachaint leis an ngá chun lorg ionadaíoch na hÉireann thar sáile a mhéadú agus a chinntiú go mbíonn béim láidir ar an ngnó ag Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann.
11.	Úsáid níos saindírithe a bhaint as na deiseanna margaíochta a thagann le Lá Fhéile Pádraig ar fud an domhain mhóir.
12.	Bunú Ionaid Nuálaíochta Éireannaigh thall in California.
13.	An Ciste Nuálaíochta a fógraíodh sa cháipéis *'Building Ireland's Smart Economy'* a chur chun feidhme.
14.	Tacaíocht agus cur chun cinn a thabhairt do líonraí gnó earnálacha Éireannacha thar sáile, ar nós an Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta Éireannaigh i Silicon Valley.
15.	Clár foirmiúil meantóireachta a bhunú trína bhféadfadh baill mór le rá de mhuintir na hÉireann ar fud an domhain post neamhfheidhmiúcháin a ghlacadh ar bhoird na gcuideachtaí Éireannacha.
16.	Córas bannaí nua a chruthú dírithe i bpáirt ar mhuintir na hÉireann ar fud an domhain agus múnlaithe ar nós Chóras Bannaí Iosrael. Infheistiú an ioncaim a ghintear i dtionscadail sonracha bonneagair chríochchomhartha.
17.	Sár IFSC a cheapadh leis an IFSC a athbhrandáil. Tógfaidh Sár IFSC agus Gobharnóir an Bhainc Cheannais ar an obair a rinne an tAire Airgeadais cheana féin trí thaisteal chuig na príomh-mhargaí airgeadais d'fhonn iontaoibh a thabhairt ar ais.
18.	Saothrú le baill mór le rá de mhuintir na hÉireann ar fud an domhain ó thaobh an airgeadais de chun iontaoibh as Éirinn mar ionad airgeadais idirnáisiúnta a athbhunú.
19.	Páipéar bán a fhorbairt um Sheirbhísí Airgeadais ina n-aithneofaí eochair-straitéisí d'fhorbairt na hearnála sin.
20.	Éire a chur chun cinn go gníomhach mar ionad do ghníomhaíocht dhomhanda um bainistiú sócmhainní.
21.	Feachtas 'Filleadh Abhaile' a fhorbairt le Tourism Ireland chun spreagadh a thabhairt dóibh siúd i measc na 70 milliún Éireannach le teacht ar saoire in Éirinn.
22.	Deiseanna turasóireachta a thógáil trí rochtain ar thaifid ghinealais a fheabhsú, agus pacáiste 'lorg na sinsear' a fhorbairt.
23.	Scileanna uasta a thabhairt d'eochair-thallann (ailtirí, inealltóirí leictreacha agus meicniúla dífhostaithe) i dteicneolaíochtaí agus próisis nua trí mhórthionscadail glasa tógála poiblí. An soláthar poiblí do theicneolaíochtaí nua sonracha a luathú.
24.	Moltaí an Ghrúpa Gníomhaíochta Ardleibhéil um Fhiontar Glas a chur chun feidhme nuair a bheidh siad curtha i gcrích.

25.	Ciste Dlúthchomhair a bhunú trína gcuirfí ar chumas an diaspóra Éireannaigh rannchur le forbairt na gcuideachtaí greentech in Éirinn.
26.	Clár laghdaithe um éileamh fuinnimh a chur i bhfeidhm ag tógáil ar thorthaí an pháipéir chomhairliúcháin reatha i leith na ceiste sin.
27.	Duais bhliantúil Greentech a bhunú chun forbairtí dearfacha sa limistéar sin a spreagadh.
28.	Na critéir d'áireamh na gcuideachtaí sna Misin Trádála a théannn thar lear a leasú - ba cheart go leagfaí an bhéim ar cháilíocht na gcuideachtaí seachas an chainníocht.
29.	Sprioc um bainistiú inneachair a fhorbairt, múnlaithe ar an IFSC, lena gcuíchóirítear stóráil, logánú, seachadadh agus dáileadh an inneachair dhigitigh, agus an bainistiú ceart, imréiteach agus bailiú ríchíosa lena mbaineann chun seirbhís dhomhanda a sholáthar do chliaint náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.
30.	Líonra Cliste Leictreachais a fhorbairt chun éascú d'áireamh an fhuinnimh in-athnuaite leis an eangach, ligean do chustaiméirí úsáid an leictreachais a mhonatóireacht, cur amú an fhuinnimh a laghdú, feidhmíocht oibriúcháin a fheabhsú agus tacú le forbairt Líonra Feithiclí Leictreacha.
31.	Córas cliste iompair a fhorbairt, lena n-áirítear soláthair ríomh-ionad ar imill na mórchathracha, lena ligfí do chomaitéirí tráthanna agus bealaí optamúla comaitéireachta a roghnú d'fhonn táirgeacht a mhéadú, tranglam a laghdú agus astuithe carbóin a ísliú.
32.	Díriú ar inrianaitheacht táirgí mar eochairghné do mhargaí onnmhairíochta bia na todhchaí.
33.	Líonra bia agus dí a bhunú ar fud an domhain, trí leas a bhaint as Ambasáidí chun caidreamh agus eochair-theagmhálacha a thógáil.
34.	Socrúcháin a chruthú do chéimithe laistigh de líonra domhanda Éireannach dóibh siúd a bhaineann leis an earnáil bia agus talmhaíochta (chomh maith le hearnálacha eile).
35.	Saothrú go gníomhach chun margadh féideartha don mhairteoil Éireannach sna Filipíní, lena n-áirítear iarrachtaí móra i dtreo deireadh a chur leis an toirmeasc allmhairithe reatha.
36.	Bunú údaráis uisce amháin don tír go léir.
37.	Forbairt agus forfheidhmiú straitéise chun dul i ngleic le diaspóra finíochta agus 'droim ar ais'.

CUSPÓIRÍ MEÁNTÉARMACHA MOLTA AG RANNPHÁIRTITHE	
1.	Infheistiú a dhéanamh ar 3% den OTI ar a laghad sa Taighde agus Forbairt ar bhonn bliantúil.
2.	Tacair chúng a aithint d'eochair-réimsí speisialtóireachta teicneolaíochta nó nuálaíochta agus díriú ar fhorbairt roinnt bheag ionad barr feabhais.
3.	Éirí ina láthair tástála do thrialacha cliniciúla. 'Tionscadail Tí Solais' a fhorbairt trí thrialacha a dhéanamh in Éirinn agus rolladh amach chuig margaí eile.
4.	Saindíriú níos mó um chur chun cinn a fhorbairt ar chumais neamhaithnid na hÉireann, m.sh. san imdhíoneolaíocht.
5.	A chinntiú go dtarlaíonn leibhéil riachtanacha infheistíochta sa 'mhíle deiridh' den chumarsáid agus luas de scoth domhanda a sholáthar ó thaobh bonneagair fhón póca agus leathanbhanda ar fud na hÉireann.
6.	Bheith mar chomhpháirtithe i dtionscadail mhóra Eorpach um Thaighde agus Forbairt san earnáil ghlas trína ligfear d'Éire priacail a scaipeadh, bheith nuálaíoch ar scála níos mó agus tionscadail a stiúradh i dtreonna atá chun leasa riachtanais fhuinnimh na hÉireann.
7.	A chinntiú gurb ann do na deiseanna earnálacha a mholtar, gur inseachadta agus inbhuanaithe iad sula dtugtar machnamh don maoiniú.
8.	Líonra cumarsáide réabhlóideach ardluais arb éifeachtúil ó thaobh an fhuinnimh de é, bunaithe ar theicneolaíocht Lascacháin Rúisce Optúla (OBS).
9.	An timpeallacht agus na coinníollacha a bhunú d'fhorbairt ionad ríomhaireachta Sonraí agus Néalaí éifeachtúla in Éirinn.
10.	Éire a bhunú mar ionad barr feabhais d'fhorbairt táirgí cothaitheacha, le haird faoi leith ar na heasláin agus daoine scothaosta.
11.	Treochtaí agus teicneolaíochtaí atá i mbéal forbartha a léarscáiliú agus a aithint, agus díriú ar thaighde feidhmeach sna réimsí úd.
12.	An réimeas reatha um Maoin Intleachtúil sna hOllscoileanna a athbhreithniú le go mbeadh sé níos saoráidí don lucht gnó. An cumas chun Éire a fhorbairt mar ionad barr feabhais um chlárú paitinní a iniúchadh.
13.	Oidí agus scoileanna abheith faoi réir bainistiú feidhmíochta trédhearcach. Athbhreithniú tagarmharcála le déanamh chun an cleachtas idirnáisiúnta is fearr a athbhreithniú, disciplín amháin i ndiaidh a chéile.
14.	A chinntiú go ndéantar brandáil níos comhsheasmhaí d'Éire mar sprioc turasóireachta.

15.	An deis a thapú i gcás na gCluichí Oilimpeacha samhraidh i Londain chun deiseanna turasóireachta in Éirinn a thabhairt chun margaidh agus deiseanna san fhoirgníocht agus in earnálacha eile a thapú.
16.	Rialacháin soláthair a shimpliú chun spreagadh a thabhairt don díograis mhéadaitheach san earnáil phríobháideach i leith na hinfheistíochta i dtionscadail ghlasa.
17.	Méadrachta inbhuanaithe a áireamh i ngach aon tairiscint soláthair phoiblí.
18.	Cultúr na comhsheasmhachta a bhunú sa chur chuige i leith caiteachais chaipitiúil ar bhonneagar agus sainaird fhadtéarmach níos mó a fhorbairt i leith tionscadal bonneagair.
19.	Deiseanna a aithint agus a thapú le bheith mar leathpháirtí ag Rialtais eile agus leis an earnáil phríobháideach d'fhonn líonraí bonneagair de scoth domhanda a fhorbairt.
20.	Leanúint ar aghaidh le húinéireacht agus maoirsiú stáit ar infheistíocht bonneagair shonrach- teastaíonn úinéireacht agus maoirsiú ach a mbeidh an infheistíocht curtha i gcrích le toradh a fháil uirthi.
21.	Solúbthacht níos mó a fhorbairt sa státseirbhís, lena n-áirítear trí iniúchad an chumais do ról breise ag sárchéimithe.
22.	Córas víosaí níos cuíchóirithe a bhunú le cur ar chumas cuairteoirí gnó víosa comhchoiteann a úsáid sa Bhreatain agus in Éirinn araon.

TUARASCÁLACHA NA nDÍOSPÓIREACHTAÍ PAINÉIL

Ábhar: ***An geilleagar domhanda agus Éire: ag socrú Éire don chor chun feabhais'***

Díospóireacht phainéil iomlánaigh - Dé hAoine 18 Meán Fómhair 2009

Modhnóir: Fionnuala Sweeney (CNN International)

Brian Cowen, T.D.	An Taoiseach
Mary Coughlan, T.D.	An Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta
Brian Lenihan, T.D.	Aire Airgeadais
Brendan McDonagh	POF, HSBC Mheiriceán Thuaidh
Craig Barrett	POF scortha/Cathaoirleach an Bhoird, Intel
Alan Joyce	POF Qantas

Tuarascáil Achomair

Reáchtáladh díospóireacht phainéil ar feadh uair an chloig amháin tar éis aitheasc oscailte an Taoisigh, inar thug an modhnóir deis agus moladh don lucht freastail a dtuairimí a nochtadh ar bhealach cuimsitheach. Chuidigh an comhphlé neamhbhalbh dearfach a bhain mar shaintréith leis an seisiún oscailte sin le cúlra díograiseach fuaimintiúil a leagan don Fhóram trí chéile.

Bhí comhaontú forleathan i measc na gcainteoirí go bhféadfaí teacht chun bisigh ón méid a chaill Éire leis an dochar a rinneadh dá clú idirnáisiúnta de bharr na géarchéime baincéireachta agus an mheathlaithe eacnamaíoch, agus go bhféadfaí Éire a athshuíomh go rathúil chun deiseanna nua a thapú, dá mba rud é go bhforbródh agus go gcothabhálfadh an Rialtas díocas soiléir saindírithe.

Tugadh faoi deara nárbh fhéidir le hÉire, ar bhonn neamhchosúil le Stáit Aontaithe Mheiriceá, aghaidh a thabhairt ar a dúshláin airgeadais go haontaobhach trí mheán pacáistí suntasacha spreagthaigh. Moladh, áfach, go mba chóir don Rialtas agus do mhuintir na hÉireann glacadh le díocas na féidearthachta a fheictear chomh forleathan sin thall i SAM. Cuireadh ina luí ar an Rialtas díriú ar fhorbairt an fháis ó

onnmhairithe agus imeacht ón róthuilleamaí roimhe seo ar ioncam ó mhargadh na maoine.

Chuir roinnt ball neamh-Rialtais den phainéal agus cainteoirí ón urlár buarthaí in iúl nach raibh ann a thuilleadh don bhuntáiste iomaíoch a bhain le hÉire fiche bliain ó shin. Téama athfhillteach le linn na díospóireachta ba ea an gá do chaiteachas níos mó ar Thaighde agus Forbairt (suas chuig 3% den OTI ar a laghad) agus buaireamh faoin líon cuibheasach beag mac léinn a chéimigh san eolaíocht agus sa mhatamaitic.

Moladh trí phríomh-chuspóir mar "daoine cliste agus smaointe cliste a bheith ann agus deiseanna a chruthú chun an dá cheann a thabhairt le chéile". B'in é an cur chuige a rabhthas ag glacadh leis i roinnt dár gcomhthíortha iomaíocha, agus a thabharfadh buntáiste nach beag dóibh mura leanfadh Éire an patrún céanna. Aibhsíodh an tábhacht a bhain le hathdhíriú cultúr córais oideachais na hÉireann mar chroílár do sheachadadh an toraidh sin.

Leag roinnt rannpháirtithe béim ar an ngá 'branda' nó 'luach tairisceana' níos soiléire a fhorbairt d'Éire agus é sin a chur chun cinn go tréan ar an gcoigcríoch. Ba cheart go n-áireofaí leis an mbranda sin an fhéiniúlacht uathúil a thagann lenár n-oidhreacht chultúrtha chomh maith leis na heochair-earnálacha eacanmaíocha agus gnó ina rabhamar fós láidir. Leagadh béim tríd síos ar an ngá a bhain le cumarsáid an fheabhsaithe sin sa bhranda thar lear.

Cé gur leag roinnt rannpháirtithe béim ar chumas na hÉireann éirí ina ceann feadhain i nuálaíocht na teicneolaíochta glaise, thug daoine eile comhairle don Rialtas go mba cheart tús áite a thabhairt ina ionad sin d'earnálacha níos saindírithe ina bhfeictear cumas muid féin a scaradh amach ónár gcomhiomaitheoirí. D'aithin roinnt daoine sainteicneolaíocht an chúraim shláinte mar earnáil amháin a raibh cumas chun fáis inti.

Chuir roinnt cainteoirí buarthaí in iúl faoin gcaoi nach bhfacthas Éire mar ionad nuálaíochta i margaí ríthábhachtacha mar Silicon Valley. Ábhar eile a bhí chun cinn sa chomh-dhíospóireacht ba ea an easpa eolais faoi Éire thall san Áise, go háirithe ó thaobh an ghnó de, agus an gá le Straitéis Áiseach nua a fhorbairt. Moladh sa

chomhthéacs sin go mba cheart go mbeadh an aidhm ag Éire a bheith mar gheata isteach don Eoraip ag an Áise. Luaigh roinnt daoine na héagsúlachtaí cultúrtha móra agus na tacair scileanna gnó éagsúla a bhí ag teastáil in Éirinn agus san Áise, agus leag siad béim ar an dul i ngleic fadálach a bhainfeadh le forbairt a leithéid de chaidreamh trádála.

D'fháiltigh baill Rialtais an phainéil roimh an gcur chuige dearfach agus na moltaí a tugadh sa chomh-dhíospóireacht. Leag siad béim ar an gcur chuige leathan nuálaíoch a imlíníodh sa cháipéis *'Building Ireland's Smart Economy'* agus aontaíodh gur tosaíochtaí fós iad an infheistíocht mhéadaithe um Thaighde agus Forbairt agus an bhéim ar fhás ó onnmhairí. Tugadh faoi deara ag an am céanna leis an gcaoi ina bhfuil cúrsaí buiséadacha i láthair na huaire, go raibh réimse leathan éileamh caiteachais iomaíocha os comhair an Rialtais a gcaithfí bainistiú cúramach a dhéanamh orthu.

Leag siad béim freisin ar na céimeanna a rabhthas ag glacadh leo chun aghaidh a thabhairt ar laigí scileanna áirithe sa chóras oideachais; spreagadh a thabhairt d'infheistíocht níos mó sa teicneolaíocht ghlas agus éirí mar ionad mór le rá um chruthaitheacht agus nuálaíocht.

Ábhar: ***Íomhá na hÉireann thar lear: cad í anois; conas a bhféadfaí í a fheabhsú; agus cén ról ar féidir a bheith ag na meáin nua?***

Díospóireacht Phainéil Éilitheach – Dé Sathairn, 19 Meán Fómhair 2009

Modhnóir: Fergal Keane (BBC)

Micheál Martin, T.D.	Aire Gnóthaí Eachtracha
Margaret Brennan	Láithreoir nuachta agus tuairisceoir Bloomberg TV
Christopher M. (Kip) Condron	Uachtarán agus POF de chuid AXA Financial Inc.
Basil Geoghegan	Stiúrthóir Bainistíochta, Deutsche Bank, Londain
Paul O'Sullivan	POF, SingTel Optus

Tuarascáil Achomair

Ag tús an tseisiúin tagraíodh don tuairisciú dhiúltach atá déanta i gcéin is i gcóngar faoi dheacrachtaí geilleagracha na hÉireann agus fiafraíodh den slua a bhí i láthair machnamh a dhéanamh ar an damáiste a bhí déanta do cháil gheilleagrach na hÉireann agus conas a d'fhéadfaí é a chur ina cheart an athuair.

Dúirt painéalaithe áirithe in ainneoin tuairisciú dhiúltach a bheith déanta go forleathan ar dheacrachtaí geilleagracha na hÉireann, go bhfuil dea-thoil shuntasach fós á léiriú ag an bpobal idirnáisiúnta don tír. Tugadh faoi deara go raibh an chosúlacht ar an scéal gur eascair gnéithe áirithe den ghéarchéim laistigh den tír mar gheall ar chóras rialála airgeadais mhífheiliúnaigh agus 'leithleachas' i ndáil le saincheisteanna áirithe.

Gné dhiúltach eile a tagraíodh di ná an tuiscint i measc daoine áirithe go bhfuil caighdeáin eiticiúla mhífhóirsteanacha in oifig phoiblí agus san earnáil baincéireachta. Chuige seo, dúradh gur tubaiste PR a bhí i scéal Bhanc Angla-Éireannach a chiallaigh go raibh dearcadh coiteann ann thar lear go bhfuil cleachtais éillitheacha ar bun sna bainc ar fad in Éirinn.

Dúirt daoine eile gurb ionann Éire agus 'tír a bhfuil deacrachtaí le sárú aici i láthair na huaire'. Mheas daoine ó lasmuigh den tír go raibh na hÉireannaigh ag déanamh an-cuid cainte faoi na deacrachtaí a bhí le sárú agus go deimhin go bhféadfadh áibhéil i

gceist. Is cinnte go raibh tionchar ag an tuairisciú dhiúltach a rinne na meáin náisiúnta ar fhorbairtí in Éirinn ar an tuairisciú a rinneadh ar staid na tíre seo go hidirnáisiúnta. Tá sé riachtanach íomhá níos féinmhuiníní a chruthú thar lear.

Tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le scéal a insint chun iriseoirí agus infheisteoirí araon a mhealladh. Trí aird a tharraingt ar an dea-scéal – mar shampla, míniú a thabhairt ar an luas atá le táirgí nua a thabhairt chomh fada leis an margadh san earnáil árachais anseo, scéal nuálaithe aonair a insint s.rl. – sholáthródh Éire ábhar a mhúsclódh spéis na n-iriseoirí. D'fhéadfadh Éire an teachtaireacht a theastaigh uaithi a chur in iúl trí dhea-scéalta nó 'blúiríní eolais' a thabhairt do cheannairí gnó i measc phobal idirnáisiúnta na hÉireann, dea-scéalta a d'fhéadfaí a chur in iúl d'idirghabhálaithe tionscail.

Leagadh an-béim ar an tábhacht a bhaineann le próifíl a chruthú don tír seo san Áise. Dúirt roinnt mhaith cainteoirí nach bhfuil íomhá na hÉireann san Áise ach ag forbairt agus gur beag atá ar eolas faoin tír seachas ainmneacha roinnt aisteoirí cáiliúla, grúpaí ceoil nó feiniméin chultúrtha cosúil le Riverdance.

Thagair roinnt rannpháirtithe don tábhacht a bhaineann le múnla an Iosrael a fhorbairt trí úsáid a bhaint as ár ngréasán taidhleoireachta ar mhaithe le roinnt príomhpháirtithe ón Diaspóra a roghnú agus a bhainistiú trí ghréasán nua domhanda Éireannach. Mhol rannpháirtithe eile nár mhór a bheith cúramach agus gan díriú an iomarca ar shampla an Iosrael mar gheall ar na dálaí ar leith atá sa tír sin.

Tharraing roinnt cainteoirí arid ar an tábhacht a bhaineann le díriú ar an mbranda nó ar an tairiscint ar theastaigh uaidh Éire a chur in iúl don domhan mór. Chiallaigh sé seo go raibh sé riachtanach filleadh an athuair ar na prionsabail bhunúsacha – ag tarraingt airde ar ár bpríomhphrionsabail agus ar na nithe is díol spéise atá sa tír, agus ag an am céanna béim a leagan ar na céimeanna éagsúla a rinneadh le déileáil le laigí agus íomhá mhuiníneach agus fhócasaithe a chruthú thar lear.

Chomhaontaigh painéalaithe agus rannpháirtithe go bhféadfadh an meán a d'úsáidfí chun an teachtaireacht a chur in iúl a bheith chomh suntasach leis an teachtaireacht féin. D'fhéadfaí ár gcumas chun úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua a léiriú trí úsáid

chliste a bhaint as uirlisí líonraithe shóisialta agus láithreáin ghréasáin eile bunaithe ar inneachar úsáideoirghinte. Cuireadh in iúl i measc an 3 mhilliún duine a fhéachann ar láithreán gréasáin RTÉ, go bhfuil 40% lonnaithe thar lear. Éireannaigh atá lonnaithe thar lear agus a bhfuil spéis acu sa nuacht is déanaí agus i gcúrsaí reatha a fhéachann ar an láithreán gréasáin seo den chuid is mó.

In ainneoin na ndeacrachtaí geilleagracha agus airgeadais a d'fhorbair le déanaí, tugadh faoi deara gur léirigh suirbhéanna custaiméirí a rinneadh thar lear go raibh íomhá láidir fós ann d'Éire agus de phobal na hÉireann mar phobal croíúil, deisbhéalach, aoibhinn, nádúrtha agus anamúil. I dteannta le láidreacht ár n-oidhreacht chultúrtha, ba ionann é seo agus an bhunchloch trína bhféadfaí ár íomhá thar lear a fhorbairt.

Chomh maith leis sin, dúirt go leor cainteoirí go bhfuil míthuiscint ann maidir lena bhfuil ag tarlú in Éirinn. In ainneoin gur tháinig roinnt mhaith deacrachtaí chun cinn i 2008, thit OTI na hÉireann 3.1% mar gheall ar chliseadh an tionscail tógála. Níor mhór eolas faoi gheilleagar na hÉireann a chur ar fáil i bhfoirm iomlán ach níor mhór freisin a léiriú gur tháinig fás agus forbairt ar earnálacha eile. Dúirt rannpháirtí amháin gur am cinniúnach ba ea Márta 09, tráth ar fhorbair an tuairim sa Bhreatain go raibh Éire ar a haimhleas, agus dúradh gurb é a bhí mar bhonn leis an tuairim seo cuairt a thug an tAire Airgeadais ar an mBreatain tráth ar chuir sé in iúl do phobal airgeadais Londain go bhféadfadh Éire an t-airgead a bhí ar iasacht aici a íoc ar ais. I gcás na hÉireann, thit an costas maoinithe go suntasach i ndiaidh na cuairte. Agus scéal á chruthú againn ba cheart dúinn Éire a chur chun cinn mar rogha ionaid do na cuideachtaí is spéisiúla, is nuálaí ar domhan m.sh. Google.

Mhol roinnt cainteoirí níos mó mac léinn a thabhairt go hÉireann chun gréasán a bhunú i dtíortha nach bhfuil ionadaíocht taidhleoireachta ag Éire iontu, an Áise ach go háirithe. Moladh go mb'fhéidir go bhféadfaí leas a bhaint as gréasán sonrach de alumni Choláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn le cabhrú le hÉirinn teagmhálacha a bhunú i Murascaill na Peirse, san Áise agus san Afraic. Constaic amháin a luadh a bhain leis an líon mac léinn tríú leibhéal a mhéadú anseo ná rochtain theoranta a bheith ar víosaí agus dúirt roinnt rannpháirtithe nár mhór déileáil leis an gceist seo láithreach bonn.

Mhol rannpháirtithe eile go bhféadfaí gréasáin cosúil le Grúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann a úsáid chun an scéal a scaipeadh faoi na cuideachtaí teicneolaíochta rathúla, cosúil le Cisco agus Intel atá ag obair in Éirinn, i measc ceannairí tionscail i Silicon Valley.

Leag roinnt mhaith rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhain le gréasán Mhisean Taidhleoireachta na hÉireann a leathnú d'fhonn riachtanais leasa gnó na hÉireann a chomhlíonadh. Leagadh béim faoi leith ar an deis poiblíochta iontach a bhaineann le Lá Fhéile Pádraig agus an tábhacht a bhaineann le dóthain ama a thabhairt chun cláir ghnó fhócasaithe, dírithe ar thorthaí a ullmhú do na hAirí a bhíonn ag taisteal.

Mar fhreagairt ar an méid a cuireadh in iúl, chomhaontaigh an Rialtas go raibh sé riachtanach féachaint an athuair ar na teachtaireachtaí ar theastaigh uainn a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. Léiríodh amhras faoin bhféidearthacht a bhain le branda uileghabhálach a chruthú d'Éire in ionad díriú ar earnálacha aonair cosúil le turasóireacht, gnó, cultúr s.rl. Tarraingíodh aird ar an '*Strategic Review of Ireland-US Relations'* a sheol an Taoiseach le linn dó cuairt a thabhairt ar Washington i Márta 2009 mar thionscnamh a bhí deartha chun fócas nua a chruthú dár bpróifíl agus dár rannpháirtíocht leis an tír sin in earnálacha éagsúla. D'fhéadfaí an Chomhairle Ceannaireachta atá le bunú sna Stáit Aontaithe i mí Dheireadh Fómhair a úsáid mar bhonn leis an bhfeachtas margaíochta sna Stáit Aontaithe.

Ábhar: ***Branda na hÉireann a chur chun cinn trínár bPróifíl Chultúrtha Domhanda***

Díospóireacht Phainéil Éilitheach – Dé Sathairn, 19 Meán Fómhair 2009

Modhnóir: An Dr. John Bowman (Craoltóir agus Staraí)

Martin Cullen T.D.	Aire Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta
Moya Doherty	Stiúrthóir, Riverdream Productions
Bob Geldof	Bunaitheoir Band Aid, Ceoltóir, Craoltóir & Fear Gnó
Gerry Robinson	Cathaoirleach, Moto Hospitality Ltd
Dennis Swanson	Uachtarán, Fox Television Stations

Tuarascáil Achomair

Le linn díospóireachta ionraic, deaslabhartha agus paiseanta, chomhaontaigh na cainteoirí ar fad ar an tábhacht a bhaineann leis na healaíona agus leis an gcultúr, ní hamháin ar son na n-ealaíon féin. Rinneadh an argóint go bhféadfaí tairbhe a bhaint as an mbuntáiste seo mar aitheantóir branda, fostóir suntasach agus pointe díola d'Éire thar lear.

Rinneadh nasc soiléir idir cothú an chultúir agus na samhlaíochta agus nuálaíocht i réimsí eile seachas na healaíona agus í mar aidhm an Geilleagar Cliste a sheachadadh in earnálacha 'geilleagracha' níos traidisiúnta. Rinneadh tagairt de na 'hiarmhairtí tromchúiseacha' a bheadh ann dá gcuirfí na moltaí atá i dTuarascáil Mhic Cárthaigh faoin domhan cultúrtha i bhfeidhm.

Dhírigh cainteoirí ar an gcoincheap a bhain le branda a chruthú, go háirithe ar láidreacht 'Branda na hÉireann', ach tugadh faoi deara freisin i ndomhan iomaíoch an lae inniu nach mór díriú ar acmhainní ar leith, agus gur cheart an teachtaireacht a oiriúnú ar shlí a chinnteoidh gur féidir le hÉirinn aitheantas ar leith a bhaint amach di féin ar an ardán domhanda. Ba ríshoiléir go mbeadh ról lárnach ag ealaín agus cultúr sa phróiseas seo. Chuir na rannpháirtithe in iúl nach ionann na healaíona agus

anchaitheamh nó carthanacht níos mó, ach gur cuid iontach tábhachtach den geilleagar atá iontu.

Leagadh béim ar an bpointe gur tionscal dáiríre an earnáil cultúir - earnáil ina bhfuil 300,000 duine fostaithe, ach gur minic go ndéantar neamhaird den mhéid a chuireann an earnáil áirithe seo leis an ngeilleagar. I measc na ndúshlán reatha a aithníodh bhí: deacrachtaí buiséid; líon teoranta Éireannach ag obair san earnáil fáilteachais; an dearcadh atá ann nach bhfuil luach ar airgead á fháil ag turasóirí agus conas dul i bhfeidhm ar mhargaí nua atá ag eascairt thar lear. Leag go leor cainteoirí béim ar an tábhacht a bhaineann le tairbhe a bhaint as meáin neamhthraidisiúnta cosúil le YouTube, MySpace, Facebook agus Twitter – chun eolas tábhachtach a chur in iúl faoinár dtraidisiún cultúrtha féin.

Cheistigh roinnt cainteoirí an tuairim gur cheart Éire mar bhranda a 'athchruthú', agus leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le dílseacht maidir le taithí dhearfach a chruthú do thurasóirí.

Bhí go leor daoine ar son Ollscoil Cultúir a bhunú, Ollscoil ina bhféadfaí staidéar agus forbairt a dhéanamh ar an gcultúr traidisiúnta, agus úsáid a bhaint as an teicneolaíocht is úire agus Taighde agus Forbairt. Bhí rannpháirtithe den tuairim go bhféadfaí úsáid a bhaint as a leithéid sin d'institiúid chun an dúshlán a bhaineann le cultúr a shárú – scileanna an lucht gnó a mheaitseáil le scileanna ealaíontóirí óga Éireannacha d'fhonn a chinntiú go mbainfidh poitéinseal tráchtála leis na tionscadail.

Chomh maith leis sin, bhí go leor daoine i bhfabhar láithreán gréasáin 'ilfhreastail' a chruthú a sholáthródh Geata nua-aimseartha d'Éire.

Ábhar: ***Nuálaíocht: Greentech***

Díospóireacht Phainéil Éilitheach – Dé Sathairn, 19 Meán Fómhair 2009

Modhnóir: Barry O'Leary (POF, IDA Ireland)

Mary Coughlan T.D.	Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Paul Cunningham	Comhfhreagraí Comhshaoil RTÉ
Joe Harford	Cathaoirleach an Ghrúpa Gníomhaíochta Ardleibhéil ar Fiontar Glas
Marina Donohue	Fiontraíocht Éireann
Frank Gannon	POF Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Tuarascáil Achomair

I ndiaidh cúpla focal ón Tánaiste thug painéalaithe montáiste físe bunaithe ar ghníomhaíochtaí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) agus cuideachtaí Éireannacha agus Infheistíochta Dírí Eachtraí sa limistéar seo; na smaointe ar dócha a bheidh i dTuarascáil an Ghrúpa Gníomhaíochta Ardleibhéil ar Fiontar Glas, a bheidh réidh i mí Dheireadh Fómhair 2009; agus straitéisí Greentech Fhiontraíocht Éireann, an IDA agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Ansin ghlac rannpháirtithe páirt i ndíospóireacht chomhstádais ar leith bunaithe ar cheithre ghné de chuid Greentech: (1) Brandáil ghlas d'Éire; (2) Airgeadas; (3) Idirnáisiúnú; agus (4) Deiseanna Earnála.

Bhí na grúpaí thar a bheith tógtha le hobair an Ghrúpa Gníomhaíochta Ardleibhéil ar Fiontar Glas agus measadh go raibh na tograí nua a bhí á bhforbairt ciallmhar agus gur cheart go n-áireofaí iad mar chuid de bheartas an Rialtais sa réimse seo.

Leag rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhain le hÉire a bheith dírithe ar gheilleagar glas inchreidte a fhorbairt. Chiallódh sé seo go mbeadh gá le hiarrachtaí dáiríre chun na dúshláin a chruthaíonn truailliú agus sceith ón gcóras uisce óil a shárú. Ba cheart go mbeadh dearcadh soiléir ag Éire maidir lena dteastaíonn uaithi a bhaint as an gcleachtadh brandála seo, agus ba cheart d'Éire díriú ar earnálacha cosúil le TFC,

talmhaíocht agus fuinnimh comhshaoil (tonnfhuinneamh/fuinneamh taoide, fuinneamh na gréine agus bithmhais).

Tharraing rannpháirtithe aird ar an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go bhfuil deiseanna 'dáiríre' ann agus gur féidir iad a chur i bhfeidhm roimh thacaíocht airgeadais a fháil ina leith. Lena chois sin, léirigh rannpháirtithe go raibh siad i bhfabhar ciste dlúthpháirtíochta a bhunú a chuirfeadh ar chumas deoraithe cánach Éireannacha agus an Diaspóra trí chéile maoiniú a chur ar fáil d'earnáil Greentech. Thacaigh na cainteoirí leis an gCiste Nuálaíochta a fógraíodh sa cháipéis *Building Ireland's Smart Economy* a chur i bhfeidhm, mar aon le béim a leagan ar an bpointe nach mór d'Éire a bheith uaillmhianach i dtaobh infheistíocht phoiblí agus pleananna caiteachais d'fhonn cuspóirí comhshaoil a chomhlíonadh. Chuir an grúpa airgeadais in iúl freisin go dtacódh cáin charbóin, a raibh sé mar aidhm leis a bheith féindóthanach ó thaobh fuinnimh de agus spriocanna arda poiblí a bhunú i limistéir ghlasa, leis an timpeallacht a mhaoiniú do Greentech.

I ndáil le 'idirnáisiúnú', mheas rannpháirtithe go raibh pleanáil éifeachtach agus straitéiseach Lá Fhéile Pádraig riachtanach. Mhol siad freisin gur cheart tuilleadh machnamh a dhéanamh ar bhallraíocht na misean trádála d'fhonn torthaí maithe a bhaint amach, agus cuimsiú a bhunú ar chaighdeán cuideachtaí, seachas breathnú ar chainníocht i dtéarmaí an líon daoine atá ag taisteal.

Leagadh béim ar an tábhacht a bhaineann le fócas láidir gnó a bheith ag Ambasáidí na hÉireann.

Ar deireadh tarraingíodh aird ar na deiseanna poitéinsiúla a bhaineann le réimse an chaomhnaithe fuinnimh agus leagadh béim faoi leith ar thonnfhuinneamh. Ar an iomlán, d'aontaigh rannpháirtithe go mbaineann fíorthábhacht le taighde, agus dá bhrí sin go mbaineann fíorthábhacht le hinfheistíocht i dtaighde.

Ábhar: *Nuálaíocht: Cumarsáid agus Fuinneamh*

Díospóireacht Phainéil Éilitheach – Dé Sathairn, 19 Meán Fómhair 2009

Modhnóir: David McWilliams (Eacnamaí, údar & craoltóir)

Eamon Ryan, T.D.	Aire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Conor Lenihan, T.D.	Aire Stáit le Freagracht Speisialta don Eolaíocht, Teicneolaíocht, Nuálaíocht agus Acmhainní Nádúrtha
Barry McSweeney	Stiúrthóir, National Knowledge Society Strategy, An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Tim Fritzley	POF, Intune Networks
John Shine	Stiúrthóir Bainistíochta, Gréasáin BSL
Neil Leyden	Cathaoirleach, Digital Media Forum

Tuarascáil Achomair

Is éard a bhí i gceist sa seisiún seo ná láithreoireachtaí a thug roinnt saineolaithe ón tír seo agus í mar aidhm aiseolas a fháil agus moltaí ábhartha a dhéanamh maidir le roinnt tograí a d'eascair as tuarascáil mhí Iúil 2009 ar Ghníomhaíochtaí Teicneolaíochta le Tacú leis an nGeilleagar Cliste. Ar an iomlán, bhí rannpháirtithe ar son na ngníomhaíochtaí beartaithe a chur i bhfeidhm.

D'fháiltigh rannpháirtithe d'aon ghuth roimh an togra gréasán éifeachtach cumarsáide ardluais agus tíosach ar fhuinneamh a fhorbairt bunaithe ar theicneolaíocht Lascacháin Rúisce Optúla (OBS). Luadh go dtabharfadh a leithéid seo de ghréasán trádáil agus fostaíocht chuig cathracha agus bailte na hÉireann, mar aon le seasamh ceannródaíoch a thabhairt d'Éire mar láthair tástála do threalamh agus do sheirbhísí ardteicneolaíochta teileachumarsáide, agus cabhrú le forbairt a dhéanamh ar na hIonaid Dáilte Sonraí mar aon le tacaíocht úrscothach a sholáthar don Ionad Seirbhísí Inneachair Idirnáisiúnta atá beartaithe a thógáil.

Glacadh go fonnmhar freisin leis an moladh go bhforbrófaí ionaid ríomhaireachta Sonraí agus Scamall a bheadh tíosach ar fhuinneamh in Éirinn. Dúirt cainteoirí go raibh seasamh iontach maith ag Éire í féin a fhorbairt mar mhol domhanda don ríomhaireacht sonraí/scamall ó tharla ardleibhéal saineolais a bheith luaite le hionaid

reatha agus le hionaid atá beartaithe a fhorbairt amach anseo. Cé gur ghlac rannpháirtithe leis nach fostóirí móra iad Ionaid Sonraí astu féin, leagadh béim ar an bpointe go mheallann siad ceanncheathrúna corparáideacha luachmhara idirnáisiúnta agus Eorpacha m.sh. tá Ionad Sonraí ag EMC i gCorcaigh atá ag soláthar tacaíochta dá cheanncheathrú Eorpach le 1,700 post. Thagair rannpháirtithe do scileanna maithe na hÉireann i réimse an Fhíorúlaithe, an obair a d'fhéadfadh rannpháirtithe a dhéanamh chun critéir barrfheabhsaithe agus caighdeánaithe a fhorbairt, mar aon le saineolas ábhartha in Ionaid Dáilte Sonraí. Tugadh faoi deara freisin go raibh ionaid ríomhaireachta sonraí agus scamall forbartha in Éirinn ag roinnt imreoirí suntasacha idirnáisiúnta (Microsoft; IBM; Hewlett Packard; EMC).

I ndáil leis an togra go bhforbródh Éire ionad bainistíochta inneachair, bunaithe ar leagan amach an IFSC, agus í mar aidhm stóráil, logánú, seachadadh agus dáileadh ábhar digiteach a shruthlíniú, chomhaontaigh rannpháirtithe go bhféadfadh Éire tairbhe a bhaint as riachtanais dhomhanda nua sa réimse seo. Chomh maith leis sin, leagadh béim ar an bpointe go gcruthódh forbairt Ionad Seirbhísí Inneachair Idirnáisiúnta deis mhaith chun tairbhe a bhaint as an saineolas teicneolaíochta nua agus reatha atá ar fáil in Éirinn.

I ndáil leis an togra gur cheart d'Éire Gréasán Leictreachais Chliste a fhorbairt agus í mar aidhm chun fuinneamh in-athnuaite a áireamh ar an eangach náisiúnta agus tacú le gréasán Feithicil Leictreach a fhorbairt mhol rannpháirtithe cúram áirithe agus chuir siad in iúl gur cheart d'Éire díriú ar limistéir nideoige níos lú seachas déileáil le hearnálacha iomlána ina mbeadh an lámh in uachtar ag iomaitheoirí móra – m.sh. cé nach mbeadh an cumas taighde againn feithiclí leictreacha a fhorbairt, d'fhéadfaimis limistéir oiriúnacha choimhdeacha a aithint agus saineolas a chothú sna réimsí sin, forbairt a dhéanamh ar chadhnraí nó comhéadan billeála d'ionaid luchtaithe mar shampla.

Ina theannta sin, d'fháiltigh rannpháirtithe roimh thograí córas iompair chliste a fhorbairt a rachadh chun leasa comaitéirí, mar aon le Leaba Tástála Muirí SmartBay a fhorbairt.

Ábhar: ***Tuairisc don Seisiún Iomlánach ar Dhíospóireacht na nGrúpaí Oibre Geilleagracha***

Díospóireacht Phainéil Iomlánaigh – Dé Sathairn, 19 Meán Fómhair 2009

Modhnóir: Fionnuala Sweeney (CNN International)

Cur i Láthair: An Dr. Tom McCarthy (IMI)

Brian Cowen, T.D.	Taoiseach
Mary Coughlan, T.D.	Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Micheál Martin, T.D.	Aire Gnóthaí Eachtracha
Eamon Ryan, T.D.	Aire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha

Tuarascáil Achomair

Chuir Foras Bainistíochta na hÉireann tús leis an seisiún le cur i láthair faoi thorthaí na ngrúpaí oibre a reáchtáladh an lá roimhe sin (tá leagan iomlán le fáil i dtuarascáil Fhoras Bainistíochta na hÉireann in IARSCRÍBHINN IV). Mhol Foras Bainistíochta na hÉireann na rannpháirtithe as ucht a bheith páirteach sa phróiseas agus caighdeán na díospóireachta a bhí ar bun ag na grúpaí oibre, mar aon le cur in iúl gur leag rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann leis na smaointe a tháinig chun cinn a chur i bhfeidhm. Luadh freisin go raibh an plean iomlán maidir le Geilleagar Cliste a sheachadadh i bhfeidhm cheana féin, agus nach raibh an geilleagar cliste féin teoranta do theicneolaíochtaí glasa nó TFC, agus go raibh nuálaíocht próisis i gceist freisin, gné a d'fhéadfaí a fhorbairt go maith in Éirinn.

Mar fhreagairt, mhol painéalaithe an Rialtais díograis na rannpháirtithe, agus leagadh béim ar an tiomantas a léirigh siad do na príomhsmaointe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm sna míonna amach romhainn, i gcomhar le baill d'earnáil dhomhanda agus phríobháideach na hÉireann go ginearálta. Agus an tábhacht a bhain leis an bplean don Gheilleagar Glic a sheachadadh, d'fháiltigh siad roimh an bpointe gur leag rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhain le hoibriú go cliste agus úsáid a bhaint as na buanna atá acu chun na spriocanna seo a chur i gcrích. Ar bhonn níos sainiúla, d'fháiltigh siad roimh an smaoineamh a bhain le branda nó straitéis ríshoiléir a fhorbairt chun Éire a chur chun cinn mar oileán glas. Tagraíodh don tábhacht a bhain

le machnamh a dhéanamh ar an raibh lorg na hÉireann, i dtéarmaí ionadaíocht taidhleoireachta thar lear, feiliúnach agus dírithe ar na limistéir chearta.

Thagair roinnt cainteoirí ón urlár don dúshlán a chruthaíonn ceisteanna a bhaineann le scála d'Éire, ó tharla daonra níos mó agus acmhainní níos fearr a bheith ar fáil ag iomaitheoirí na hÉireann – chuige seo níor mhór dúinn féachaint an athuair ar ár láidreachtaí agus níos mó gnéithe nideoige a chur san áireamh, seachas iarracht a dhéanamh dul in iomaíocht go díreach le hearnálacha éagsúla.

Cháin roinnt rannpháirtithe córais mhaorlathacha na hÉireann, agus moladh go mb'fhéidir gur cheart sainchlár oiliúna do 1,000 céimí den scoth a áireamh i leasú státseirbhíse. Mar fhreagairt, ghlac an painéal leis go raibh gá le hathruithe d'fhonn a chinntiú go raibh córas níos freagraí ann, ach cuireadh san áireamh freisin go dteastaíonn leibhéal áirithe maorlathais d'fhonn cuntasacht phoiblí a chinntiú. Bunaithe ar na freagrachtaí sóisialta atá aige níor cheart don Rialtas a bheith ag feidhmiú díreach cosúil le cuideachta san earnáil phríobháideach.

Leag na rannpháirtithe ar fad an-béim ar díriú ar na rudaí a dhéanaimid go maith, agus tarraingíodh aird ar leith ar an rath a bhí ar obair an IFSC. Mhol cainteoir amháin gur cheart Páipéar Bán ar sheirbhísí airgeadais a thiomsú, ar mhaithe le teacht ar cheithre nó ar chúig straitéis chun an réimse áirithe seo a fhorbairt.

Tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le hinfreastruchtúr leathanbhanda agus cumarsáide, agus mhol rannpháirtí amháin gur cheart Eircom a athnáisiúnú mar gur dhóigh leis nach raibh ag éirí chomh maith agus ar cheart a bheith leis an gcuideachta príobháideach seo. Mar fhreagairt, thug ionadaithe an Rialtais le fios go raibh €220 milliún á infheistiú i rolladh amach an infreastruchtúir leathanbhanda.

Thagair roinnt mhaith cainteoirí do cháil idirnáisiúnta na hÉireann i gcúnamh forbartha thar lear, agus leagadh béim ar thábhacht na dea-cháile seo maidir le dearcadh dearfach d'Éire a chruthú go ginearálta, san Afraic ach go háirithe, ó tharla go mbainfidh tábhacht gheilleagrach níos mó leis an Afraic sna blianta amach romhainn.

Ábhar: *Éire agus a Diaspóra: ag baint leasa as acmhainn uathúil*

Díospóireacht Phainéil Iomlánaigh – Dé Sathairn, 19 Meán Fómhair 2009 (oscailte do na meáin agus sruthaithe beo ar líne)

Modhnóir: David McWilliams (Eacnamaí, údar & craoltóir)

Micheál Martin, T.D.	Aire Gnóthaí Eachtracha
Loretta Brennan Glucksman	Cathaoirleach, American Ireland Fund
Liam Casey	POF, PCH International
Denis O'Brien	Cathaoirleach, Digicel
John Hartnett	POF, G24i

Tuarascáil Achomair

Bhí cuireadh ag na meáin freastal ar an seisiún iomlánach deiridh agus tá an seisiún iomlán le feiceáil ar an láithreán gréasáin www.globalirishforum.ie. Dhírigh an díospóireacht dearfach agus fairsing ar an tslí a bhféadfaí caidreamh na hÉireann leis an bpobal domhanda a neartú agus a úsáid ar shlí níos éifeachtaí chun leasa an gheilleagair. Pléadh roinnt de na tograí ar leith a luadh go príobháideach i gcaitheamh na deireadh seachtaine arís i rith an tseisiúin seo. Bhí an díospóireacht ar fad dearfach, agus thug rannpháirtithe le fios go raibh an-fonn orthu cur le rath an imeachta sna seachtainí agus sna míonna amach romhainn. Mar a dúirt cainteoir amháin, bhí 'aontacht aidhme agus úinéireachta' lárnach sa díospóireacht a rinneadh, agus leagadh an-béim ar 'rud éigin a bhaint amach d'Éire'

Mhol roinnt rannpháirtithe, le painéalaithe san áireamh, gur cheart go mbeadh an cultúr mar phríomhuirlis an phróisis seo. Cuireadh in iúl gur bhain buntáiste suntasach le féiniúlacht chultúrtha na hÉireann agus gurb é sin an difear a bhí idir an tír seo agus tíortha eile. Le linn dúinn forbairt a dhéanamh ar an mbuntáiste seo 'ní mór dúinn a bheith straitéiseach' – teastaíonn plean maith, fadtréimhseach, maoinithe a bheidh ag teacht le cur chuige Bhranda na hÉireann. Sa chomhthéacs seo, bhí na rannpháirtithe i bhfabhar Ollscoil Taibh-Ealaíon agus Cultúir den chéad scoth a bhunú in Éirinn.

Mar a tharla i seisiúin a reáchtáladh roimhe seo, leagadh an-béim ar thorthaí dáiríre a fhorbairt as smaointe. Chomh maith leis sin, glacadh go fonnmhar leis an togra tairseach ardleibhéil ar líne – Gateway Ireland – a bhunú.

D'fháiltigh formhór na gcainteoirí roimh aidhm an Rialtais chun gréasán nua domhanda Éireannach a bhunú i measc na ndaoine ar tugadh cuireadh chuig Farmleigh dóibh mar aon le baill eile den phobal domhanda.

Thagair roinnt rannpháirtithe don luach a bhain le hAmbasáidí Éireannacha agus cláir Lá Fhéile Pádraig i ndáil le tacú le gnóthaí Éireannacha, agus cháin siad go láidir laghduithe sna réimsí seo. Tagraíodh don obair atá déanta go dtí seo ag Ambasáidí Éireannacha ar mhaithe le deiseanna gnó a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, áfach, leag rannpháirtithe béim ar an tábhacht a bhaineann leis an bpoitéinseal seo a fhorbairt sa tréimhse amach romhainn.

Tarraingíodh aird ar an tábhacht a bhaineann le deis a thabhairt do bhaill níos óige a bheith páirteach sa phobal domhanda, lena n-áirítear an 'diaspóra aifinideachta' inár gcur chuige. Mhol daoine áirithe gur cheart daoine óga de bhunadh na hÉireann a spreagadh le cuairt a thabhairt ar Éirinn ar shaoire oideachais mar chuid de chláir a d'fhéadfaí a eagrú i gcomhar leis an Rialtas.

Tagraíodh do agus moladh rath de chuid Ireland Funds le tríocha bliain anuas. Ag cur leis an rath a bhí ar eagraíochtaí cosúil le Ireland Funds, moladh nár mhór d'Éire gníomhú láithreach bonn, agus an leas is fearr agus is féidir a bhaint as ár gcultúr. Tagraíodh do chomhpháirtíocht nuálaíochta Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus Coláiste na Tríonóide, a nascann mic léinn Éireannacha den chéad scoth le feidhmeannaigh atá ag obair i Silicon Valley, mar shampla praiticiúil a d'fhéadfaí a úsáid sa réimse seo.

Ina theannta sin, labhair roinnt cainteoirí faoin ról tábhachtach a d'fhéadfadh céimithe agus mic léinn Éireannacha a imirt sa phróiseas seo. Tá sé beartaithe go gcruthófar ardán idirnáisiúnta le tacú le mic léinn éirimiúla socrúcháin oibre a eagrú i gcuideachtaí thar lear. Dúradh gurb é an rud is mó a theastaíonn ó chuideachtaí nua agus ó fhiontraithe gréasán ná bualadh le daoine ionas gur féidir leo eolas maidir leis

na táirgí atá acu a chur in iúl do na daoine cearta. Theastaigh tacaíocht ó phríomhimreoir domhanda le rath gnó a chinntiú, ach bhí na mílte in iomaíocht lena chéile chun deis a fháil labhairt leis na príomhimreoirí domhanda.

Chuir an Rialtas (An tAire Martin) in iúl go raibh an Rialtas ag obair leis an bpobal domhanda le tamall maith, tríd an Aonad um Éireannaigh thar lear, agus trí thionscadail leasa, pobail agus oidhreachta arna mhaoiniú faoi Chlár Tacaíochta na nImirceach. Baineann buntáistí suntasacha leis an gcaidreamh seo – go háirithe próiseas na síochána i dTuaisceart Éireann. Tá sé riachtanach anois, áfach, é seo ar fad a fhorbairt chuig an gcéad leibhéal eile. D'aontaigh sé gur bhain tábhacht le cuimsitheacht inár sainmhíniú den Diaspóra. I measc na moltaí a luadh in '*Strategic Review of Ireland-US Relations'* bhí teastas de shinsearacht Éireannach, gné atá anois á fhorbairt ag an Roinn. Mar a dhearbhaigh an tAthbhreithniú agus an Fóram, bhí sí mar aidhm ag an Rialtas anois acmhainn eagraíochta níos láidre a thabhairt do phobal domhanda na hÉireann. Dúirt an tAire go raibh sé tábhachtach go roghnófaí an múnla ceart, agus go gcuirfí an múnla sin i bhfeidhm.

Mar fhreagairt orthu siúd a d'iarr an imeacht bliantúil a bheadh san Fhóram, chuir an tAire in iúl go mbeadh an cineál seo Fóraim tábhachtach i rannpháirtíocht na hÉireann leis an bpobal domhanda amach anseo. Mar sin féin, níl cinneadh ar bith déanta go fóill maidir le cé chomh minic agus ar cheart a leithéid d'imeacht a reáchtáil.

BUÍOCHAS

Ba mhian leis an Aire Gnóthaí Eachtracha buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt san Fhóram. Tháinig daoine ó cheithre chúinne na cruinne le freastal ar an bhFóram, rud a léirigh go bhfuil an-fonn orthu tacú leis an tír agus go bhfuil spéis acu sa mhéid atá ag tarlú sa tír, rud a thug léargas do mhuintir na hÉireann ar neart agus ar bheogacht ár bpobal domhanda.

Chomh maith leis sin, ba mhian leis an Aire buíochas a ghabháil freisin leis an Taoiseach, leis an Tánaiste agus leis an Rialtas; na hoifigigh ina Roinn féin, Ranna eile agus Gníomhaireachtaí Stáit eile a chabhraigh le heagrú na himeachta seo a eagrú; agus foireann Farmleigh a rinne an-obair i rith an imeachta.

Ba mhian leis an Aire buíochas speisialta a ghabháil freisin le David McWilliams, as togra a chur faoina bhráid i 2008 Fóram a eagrú a bheadh dírithe ar Éireannaigh ar fud an domhain.

Chomh maith leis sin, gabhaimid buíochas freisin leis na modhnóirí agus leis na héascaitheoirí, Fionnuala Sweeney, David McWilliams, Fergal Keane, John Bowman agus Foras Bainistíochta na hÉireann a bhí cumasach i mbun a gcuid dualgas, agus a chinntigh gur tháinig an oiread smaointe agus ab fhéidir chun cinn.

IARSCRÍBHINN I

LIOSTA NA RANNPHÁIRTITHE

Baill an Rialtais		
Cowen	**Brian, T.D.**	Taoiseach
Coughlan	**Mary, T.D.**	Tánaiste & Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta
Cullen	**Martin, T.D.**	Aire Ealaíon, Spóirt & Turasóireachta
Dempsey	**Noel, T.D.**	Aire Iompair
Gormley	**John, T.D.**	Aire Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil
Hanafin	**Mary, T.D.**	Aire Gnóthaí Sóisialacha & Teaghlaigh
Harney	**Mary, T.D.**	Aire Sláinte & Leanaí
Lenihan	**Brian, T.D.**	Aire Airgeadais
Martin	**Micheál, T.D.**	Aire Gnóthaí Eachtracha
Ó Cuív	**Eamon, T.D.**	Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta
O'Dea	**Willie, T.D.**	Aire Cosanta
O'Keeffe	**Batt, T.D.**	Aire Oideachais & Eolaíochta
Ryan	**Eamon, T.D.**	Aire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Smith	**Brendan, T.D.**	Aire Talmhaíochta, Iascaigh & Bia
Gallagher	**Paul, SC**	Ard-Aighne

Sloinne	Céadainm	Teideal agus Sonraí Cuideachta
Abdul Rahman	**Mohd Razali**	Cathaoirleach Feidhmiúcháin, Peremba (An Mhalaeisia) Sdn Bhd
Aikins	**Kingsley**	Uachtarán agus POF The Ireland Funds
Arnold	**Tom**	Príomhfheidhmeannach, Concern Worldwide
Barrett	**Richard**	Cathaoirleach - Treasury Holdings China
Barrett	**Craig**	POF Scortha/Cathaoirleach an Bhoird, Intel Corporation
Barrington	**Colm**	Cathaoirleach Aer Lingus PLC, Oifigeach Príomhfheidhmeannaigh B & B Air Limited
Barry	**Gerard**	POF, Fintrax Group Holdings Ltd
Barry	**Thomas**	POF, Arabtec Construction LLC
Bazantay	**Christian**	Ard-Rúnaí de chuid Grúpa Servier, An Fhrainc
Boden	**Dermot**	Leasuachtarán Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Margaíochta Domhanda, LG Electronics, Súl
Brennan	**Margaret**	Láithreoir Nuachta agus Tuairisceoir, Bloomberg TV
Brennan Glucksman	**Loretta**	Cathaoirleach, The American Ireland Fund
Buckley	**Brian**	POF Oman LNG LLC
Buckley	**Rory**	POF, Acision, An Ríocht Aontaithe.
Burke	**Conrad**	POF Innovalight
Butler	**Pat**	Stiúrthóir, McKinsey & Company
Byrne	**Dan**	Bunaitheoir & Cathaoirleach de chuid Lincor Solutions Ltd
Byrne	**Séamus**	Úinéir/Dílseánach Grúpa Byrne, Dubai
Cahill	**Kevin**	Ard-Uachtarán, American Irish Historical Society
Carr	**Desmond**	Cathaoirleach & POF, ExxonMobil Saudi Arabia Inc.
Carroll	**Ken**	Comhairleoir Sinsir, Praxis Language, Shanghai

Casey	**John Patrick**	Cathaoirleach & POF, Casey & Co.
Casey	**Norah**	POF & Úinéir de chuid Harmonia
Casey	**Liam**	POF, PCH International
Collins	**Michael**	Ambasadóir na hÉireann do na Stáit Aontaithe
Combe	**Fred**	Stiúrthóir Bainistíochta, Natus Pte Limited
Condron	**Christopher M.**	Uachtarán & POF de chuid AXA Financial Inc; Ball de Bhord Bainistíochta Ghrúpa AXA; Stiúrthóir agus Cisteoir de chuid The American Ireland Fund
Conroy	**Avril**	Ceannaire Aonaid Fedhmíochta TNK-BP An Rúis
Cooke	**Richard**	POF, Lincor Solutions
Cooney	**Christy**	Uachtarán an CLG
Cooney	**David**	Ard-Rúnaí – An Roinn Gnóthaí Eachtracha
Coppel	**Andrew**	Cathaoirleach Feidhmiúcháin McCambridge Group Holdings Ltd. Cathaoirleach Neamh-Fheidhmiúcháin London Irish Holdings Ltd. Stiúrthóir Neamh-Fheidhmiúcháin Crest Nicholson PLC
Corcoran	**Thomas**	Comhairleoir Sinsir, The Carlyle Group
Cosgrave	**Bridget**	Ard-Stiúrthóir, DIGITALEUROPE
Cotter	**Aidan**	Príomhfheidhmeannach, Bord Bia
Creaner	**Gerard**	Leaschathaoirleach, DPS Engineering.
Creely	**Edel**	Stiúrthóir Bainistíochta de chuid Datapac
Cunnane	**Vincent**	Príomhfheidhmeannach, Shannon Development
Curran	**Charles**	Cathaoirleach, Australian-Ireland Fund
Davis	**Susan**	Cathaoirleach, Susan Davis International
Day	**Catherine**	Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh
Desmond	**Dermot**	Cathaoir., International Investment & Underwriting (IIU)
Dobbin	**David**	Cathaoirleach InterTrade Ireland; Príomhfheidhmeannach Grúpa de chuid United Dairy Farmers
Doherty	**Moya**	Léiritheoir. Stiúrthóir de chuid Tyrone Productions
Doyle	**Gearóid**	Bunaitheoir/POF de chuid Kinsale Capital
Doyle	**Margaret**	Colúnaí na Seirbhísí Airgeadais, Reuters
Duffy	**Paul**	Leasuachtarán na Déantúsaíochta, Éire agus Singeapór, Pfizer Pharmaceuticals Ireland, Uachtarán, American Chamber of Commerce Ireland
Dujardin	**Richard**	POF Veolia Transport Benelux/Éire/RA
Dunning	**Aidan**	Ard-Rúnaí - An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Eu	**Leslie**	Stiúrthóir, YTL Corporation
Finan	**Irial**	Leasuachtarán Feidhmiúcháin, The Coca Cola Company
Friel	**Hugh**	Cathaoirleach de chuid Tourism Ireland Ltd. Stiúrthóir de chuid United Drug plc
Gannon	**Frank, Oll**	Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Garnier	**Hervé**	Leasuachtarán Sinsir, EADS Tuaisceart/Iarthar na hEorpa & Ceanada
Geldof	**Bob, Sir**	Bunaitheoir Band Aid, Ceoltóir, Craoltóir
Geoghegan	**Basil**	Stiúrthóir Bainistíochta Deutsche Bank, Londain (mar aon le comh-chathaoirleach an Ireland Fund of Great Britain)
Gergils	**Håkan**	Stiúrthóir agus Bunaitheoir ECOFIN
Gibbons	**Niall**	Príomhfheidhmeannach, Tourism Ireland
Gilmore	**Eamon, T.D.**	Ceannaire ar Pháirtí an Lucht Oibre
Gilmore	**John**	POF Sling Media
Goan	**Cathal**	Ard-Stiúrthóir, RTÉ
Godson	**Rory**	Bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach, Powerscourt Ltd
Gorman	**Sean**	Ard-Rúnaí - An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta
Gray	**Danuta**	POF, Telefónica O2 Ireland
Hargrave	**Francis**	Stiúrthóir Cuideachta, Scortha
Harkin	**Billy**	Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, QucomHaps Ltd
Harrison	**Jackie**	Príomhfheidhmeannach de chuid Philanthropy Ireland.
Hartnett	**John**	Uachtarán agus POF, G24 Innovations
Headon	**Denis**	Stiúrthóir, TX-UK Collaborative, Ollscoil Rice
Herlihy	**John**	Leasuachtarán, Oibríochtaí Ad Domhanda agus Oibríochtaí & Díolacháin Ar-Líne EMEA, Google
Higgins	**Michael D., T.D.**	Urlabhraí Pháirtí an Lucht Oibre ar Ghnóthaí Eachtracha
Hogan	**James**	POF, Etihad Airways
Jordan	**Neil**	Scríbhneoir agus scannánaí
Joyce	**Alan**	POF, Qantas Airlines Ltd
Kelly	**Declan**	Comhairleoir neamhspleách le speisialtacht in obair chomhairleora straitéisigh. Cathaoirleach, American Ireland Fund
Kent	**John**	Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Grúpa Kentech
Kerley	**Paul**	Príomhfheidhmeannach, Norkom Technologies
King	**Joe**	POF Scortha de chuid Molex Incorporated
Kruckow	**Werner**	POF, Siemens Ltd
Lawless	**Gerald**	Cathaoirleach Feidhmiúcháin, Grúpa Jumeirah, Dubai
Lee	**Myles**	POF, CRH plc
Lynam	**Niall**	Leasuachtarán Sinsir, Príomhoifigeach Teicniúil, Magna Mirrors
Lyons	**Pearse**	Uachtarán, Bunaitheoir agus úinéir de chuid Alltech Inc
MacDonald	**Colin**	POF, Fine Grain Properties
Macloughlin Bréard	**Guillermo**	Stiúrthóir, MacLoughlin & Associates
Maher	**Tony**	POF, Wimm-Bill-Dann
Maloney	**Barry**	Páirtí Ginearálta, Balderton Capital
McCabe	**Tara**	Leasuachtarán Morgan Stanley
McCann	**Robert**	Infheisteoir Príobháideach (Roimhe seo le Merrill Lynch)

McCarthy	**Stan**	POF, Kerry Group plc
McCarthy	**Dermot**	Ard-Rúnaí - Roinn an Taoisigh
McClelland	**Norman**	Cathaoirleach agus POF de chuid Shamrock Foods Company, Phoenix.
McColgan	**John**	Léiritheoir. Stiúrthóir de chuid Tyrone Productions
McDonagh	**Brendan**	POF, HSBC Meiriceá Thuaidh
McDonagh	**Bobby**	Ambasadóir na hÉireann don Bhreatain
McDonnell. Sóis.	**John**	POF - ExaDigm, Inc
McGann	**Gary**	POF, Smurfit Kappa Group
McGovern	**Michael**	Cathaoirleach, TSI, Inc.
McInerney	**Rory**	Leasuachtarán, Intel Corporation
McKenna	**Nigel**	Cathaoirleach, Melview Developments/Galway Tourism Investment Group
McKiernan	**William**	POF agus Cathaoirleach, CyberSource
McLaughlin	**John**	Stiúrthóir Bainistíochta, sanofi-aventis Ireland Limited
McLoughlin	**Colm**	Stiúrthóir Bainistíochta, Dubai Duty Free
McManus	**Bridget**	Ard-Rúnaí - An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
McMullen	**Michael**	Comhairleoir/infheisteoir. McMullen and Associates
McNelis	**Paul**	Ollamh Bendheim le hEacnamaíocht & Beartas Airgeadas
McShane S.J.	**Joe**	Uachtarán ar Ollscoil Fordham
Melia	**Kevin**	Cathaoirleach Vette Corporation
Moloney	**John**	Stiúrthóir Bainistíochta Grúpa, Glanbia plc
Mooney	**Gerard**	Bainisteoir Ginearálta, Oideachas & Rialtas Domhanda, IBM Corporation
Moore	**George**	Cathaoirleach & POF, TARGUS Information Corporation
Moran	**Thomas**	Cathaoirleach, Uachtarán agus POF de chuid Mutual of America; Cathaoirleach ar Concern Worldwide S.A.
Moran	**Tom**	Ard Runaí, An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh & Bia
Morris	**Redmond**	Láithreoir Scannán
Murphy	**Martin**	Stiúrthóir Bainistíochta, Hewlett-Packard Ireland Ltd
Murray	**Oliver**	Uachtarán & POF, Brandes Investment Partners (Toronto)
Naughton	**Martin**	Cathaoirleach agus úinéir de chuid Glen Dimplex Group
Neenan	**David**	Ceannaire Domhanda Margaíochta agus Díolachán, HSBE Insurance Holdings Ltd, Londain
Newell McGloughlin	**Martina**	Stiúrthóir, Clár Biteicneolaíocht Córas Ollscoil California
Ó hAoláin	**Pádraig**	Príomhfheidhmeannach, Údarás na Gaeltachta
O'Brien	**Brian**	Scortha. Iar-Leasuachtarán Feidhmiúcháin, Reinsurance and Innovation of Samsung Fire & Marine Insurance, Súl
O'Brien	**Denis**	Cathaoirleach, Digicel Group
O'Brien	**Jim**	Dara Rúnaí – An Roinn Airgeadais
O'Connor	**Tim**	Ard-Rúnaí don Uachtarán

O'Dowd	**Niall**	Bunaitheoir Irish Voice Newspaper, Irish America Magazine, irishcentral.com
O'Driscoll	**Sean**	POF, Glen Dimplex Group
O'Gorman	**Maurice**	Príomhoifigeach Riaracháin de chuid NCB Capital, An Banc Tráchtála Náisiúnta, An Araib Shádach
O'Hara	**Jim**	Bainisteoir Ginearálta, Intel Ireland; Leasuachtarán, Grúpa Déantúsaíochta Teicneolaíochta, Intel Corporation
O'Hara, Sóis	**Walter**	Stiúrthóir Bainistíochta & Leasuachtarán Feidhmiúcháin Allen & Company LLC
O'Keeffe-Ayudhkij	**Liam**	Cathaoirleach an Ghrúpa, PCS (An Téalainn)
O'Leary	**Barry**	Príomhfheidhmeannach, IDA Ireland
O'Mahony	**Liam**	Stiúrthóir CRH plc; Cathaoirleach Smurfit Kappa plc
O'Neill	**Shane**	Príomhoifigeach Straitéise, Liberty Global
O'Riordan	**Paul**	POF, Synexa Life Sciences
O'Sullivan	**Barry**	Leasuachtarán Sinsir, Cisco Systems
O'Sullivan	**David**	Ard-Stiúrthóir Trádála an Choimisiúin Eorpaigh
O'Sullivan	**Paul**	Príomhfheidhmeannach, SingTel Optus Pty Ltd
Pena Murray	**Félix**	Stiúrthóir, Institute of International Trade, Standard Bank Foundation
Quigley	**George**	Cathaoirleach, Bombardier Aerospace Béal Feirste
Quinn	**James**	Uachtarán, Tiffany & Company
Quinn	**Valerie**	Stiúrthóir Bainistíochta, Coca-Cola Ireland.
Rellis	**Paul**	SB, Microsoft Ireland
Richardson	**Louise**	Príomh agus Leas Seansailéir na hOllscoile de chuid Ollscoile St. Andrews
Robinson	**Gerry**	Cathaoirleach, Moto Hospitality Ltd.
Rooney	**Daniel**	Ambasadóir SAM d'Éire.
Ryan	**Frank**	Príomhfheidhmeannach, Fiontraíocht Éireann
Sands	**Anita**	Iar-Stiúrthóir Bainistíochta, CitiGroup
Schwanberg	**Werner**	Stiúrthóir Bainistíochta WGZ BANK Ireland plc
Seward	**John**	Stiúrthóir Bainistíochta, Coca Cola Bottling Indonesia
Sutton	**John**	Ollamh Eacnamaíochta, London School of Economics
Swanson	**Dennis**	Uachtarán, Fox Television Stations, Inc
Sweeney	**Margaret**	POF, Postbank Ireland Ltd.
Thompson	**Brian**	Cathaoirleach Feidhmiúcháin de chuid Global Telecom & Technology
Tierney	**Donough**	Leasuachtarán, EADS, Tuaisceart/Iarthar na hEorpa & Ceanada
Toole	**Pat**	Leasuachtarán Sinsir IBM (scortha)
Trota	**Robert**	Uachtarán, Max's Restaurant & Philippine Franchise Association. Leaschonsal Oinigh na hÉireann i Mainile
Tuohey	**Mark**	Comhpháirtí, Vinson & Elkins LLP
Walsh	**Bernard**	Cathaoirleach Scortha ar Ghrúpa na Cuideachta, Johnson

		and Johnson
Walshe	**Rodney**	Consal Ginearálta Oinigh na hÉireann ar an Nua Shéalainn. Cathaoirleach, Southern Travel Holdings Ltd
Whitehouse	**Anna**	Uachtarán agus Stiúrthóir Bainistíochta, Total Philippines

Grúpaí Éilitheacha an Sathairn		
Lenihan	**Conor, T.D.**	Aire Stáit
Brady	**Hugh**	Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, Ball den Tascfhórsa Nuálaíochta
Brannock	**Bob**	Uachtarán, Lifestyle Protection & European Operations, Genworth Financial
Cloake	**Mary**	Stiúrthóir ar an gComhairle Ealaíon
Conlon	**Peter**	POF Ammado
Cunningham	**Patrick**	Príomh-Chomhairleoir Eolaíochta
Cunningham	**Paul**	Comhfhreagraí Comhshaoil, RTÉ
Devitt	**Adrian**	Forfás
Donohue	**Marina**	Fiontraíocht Éireann
Donovan	**Maeve**	Stiúrthóir Bainistíochta, Irish Times
Donovan	**Paul**	POF, Eircom
Downes	**Eugene**	Príomhfheidhmeannach, Culture Ireland
Fallon-Byrne	**Lucy**	Stiúrthóir, An tIonad Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta
Fritzley	**Tim**	POF Intune Networks
Gray	**Alan**	Stiúrthóir Bainistíochta, Comhairleoirí Eacnamaíochta Idirnáisiúnta Indecon
Harford	**Joe**	Cathaoirleach ar Ghrúpa Gníomhaíochta Ardleibhéil de chuid an Rialtais ar Fhiontraíocht Ghlas, Ball den Tascfhórsa Nuálaíochta
Hegarty	**John**	Provost, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ball den Tascfhórsa Nuálaíochta
Hyland	**Ian**	Foilsitheoir, Iris Business and Finance
Kelly	**Brian**	POF Celtic Catalysts, Ball den Tascfhórsa Nuálaíochta
King	**Philip**	Ceoltóir agus Scannánaí
Leyden	**Neil**	POF Digital Media Forum
McSweeney	**Barry**	An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Mooney	**Gearóid**	Fiontraíocht Éireann
Morris	**James**	Cathaoirleach, Bord Scannánaíochta na hÉireann
Murphy	**Michael**	Uachtarán, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
O'Donovan	**Mark**	Stiúrthóir Raglan Capital, Ball den Tascfhórsa Nuálaíochta
O'Meara	**David**	POF, Havok
Scally	**Anna**	Comhpháirtí KPMG, Ball den Tascfhórsa Nuálaíochta
Sharpe	**Eileen**	IDA
Shine	**Johnny**	Leas-phríomhfheidhmeannach BSL agus Stiúrthóir Bainistíochta ESB Networks Ltd

IARSCRÍBHINN II

CLÁR AN FHÓRAIM

Fóram Eacnamaíochta Domhanda na hÉireann i bhFarmleigh

18-20 Meán Fómhair 2009

Clár

Dé hAoine, 18 Meán Fómhair

12.30in	Teacht go Farmleigh
12.45in	Lón
2.00in	Aitheasc Oscailte an Taoisigh, An tUasal Brian Cowen, T.D.
2.15in	Seisiún iomlánach oscailte le díospóireacht phainéil maolaithe

'An geilleagar domhanda: ag socrú Éire don chor chun feabhais'

Modhnóir: Fionnuala Sweeney (CNN International)

Brian Cowen, T.D.	Taoiseach
Mary Coughlan, T.D.	Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta
Brian Lenihan, T.D.	Aire Airgeadais
Brendan McDonagh	POF, HSBC Meiriceá Thuaidh
Craig Barrett	POF Scortha/Cathaoirleach an Bhoird, Intel
Alan Joyce	POF Qantas

3.15in	Grúpaí oibre éilitheacha (11 grúpa) ar ábhair eacnamaíochta sainiúla

Ábhair do na Grúpaí Oibre Éilitheacha

1.	Conas a mheallann Éire infheistíocht isteach ar luach níos airde (m.sh. tuilleadh T&F) agus conas a dhaingníonn sí infheistíocht eisidh?
2.	Conas ar féidir linn cabhrú le cuideachtaí onnmhairithe dúchasacha na hÉireann a réim a ghnóthú?
3.	Conas a chruthaímid "Silicon Valley na hEorpa" in Éirinn, .i. ag mealladh buanna, fiontraithe, IP s.rl.?

4.	Conas ar féidir lenár gcóras oideachais aghaidh a thabhairt ar aon easnamh i scileanna d'fhonn daoine óga a ullmhú le bheith mar cheannairí oilte na hEacnamaíochta Cliste (cruthaitheacht, nuálaíocht agus taobhsmaointeoireacht a chothú)?
5.	Conas ar féidir le hearnáil seirbhísí airgeadais na hÉireann leas a bhaint as earnálacha airgeadais agus baincéireachta na todhchaí?
6.	Conas a fhorbraíonn Éire ina ceannaire i gcoinbhéirseacht teicneolaíochta (TFC/Fuinneamh/Sláinte s.rl.)?
7.	Conas a fhorbraímid ár ngeilleagar íseal-charbóin?
8.	Conas a chuirimid caiteachas caipitil in ord tosaíochta d'fhonn an bonneagar atá de dhíth ar an nGeilleagar Cliste a chur ar aghaidh go gasta agus na gnóthachain déantúsaíochta a ghabhann léi?
9.	Turasóireacht: conas ar féidir le hÉire í féin a lonnú mar shuíomh ceannasaíochta domhanda don chéad ghlúin eile turasóirí?
10.	Tá dúshláin nach chonacthas riamh os comhair earnálacha bia agus talmhaíochta na hÉireann. Cad iad na hathruithe atá riachtanach chun an earnáil a athrú d'fhonn a todhchaí mar thionscal inbhuanaithe fadtéarmach a dhaingniú?
11.	Cén ról ar féidir a bheith ag príomhchathair cultúrtha agus ealaíne na hÉireann maidir lenár ngeilleagar a fhorbairt?

7.30in	Fáiltiú arna óstáil ag an Uachtarán Mhic Giolla Íosa in Áras an Uachtaráin

Dé Sathairn, 19 Meán Fómhair

9.30rn	Grúpaí díospóireachta éilitheacha

"Éire – oileán na nuálaíochta"

Modhnóir: David McWilliams (Eacnamaí, údar agus craoltóir)

Déanfar é seo a roinnt a thuilleadh i dhá ghrúpa oibre a bheidh dírithe ar Greentech & TFC- dhá bhloc tógála de chuid oileán na nuálaíochta, earcaithe ag an Tánaiste, Mary Coughlan, Uasal, T.D. agus an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, An tUasal Eamon Ryan, T.D.

"Ag cur branda na hÉireann chun cinn trínar bpróifíl chultúrtha domhanda"

Modhnóir: An Dr John Bowman (Craoltóir agus staraí)

Martin Cullen, T.D.	Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Moya Doherty	Stiúrthóir, Tyrone Productions
Sir Gerry Robinson	Cathaoirleach, Moto Hospitality Ltd.
Dennis Swanson	Uachtarán, Fox Television Stations, Inc.
Sir Bob Geldof	Bunaitheoir Band Aid, Ceoltóir, Craoltóir & Fear Gnó

"Íomhá na hÉireann thar lear: cad í anois; conas a bhféadfaí í a fheabhsú; agus cén ról ar féidir a bheith ag na meáin nua?"

Modhnóir: Fergal Keane (Iriseoir agus Údar)

Micheál Martin, T.D	Aire Gnóthaí Eachtracha
Paul O'Sullivan	POF SingTel Optus
Margaret Brennan	Láithreoir Nuachta agus Tuairisceoir Bloomberg TV
Christopher M. (Kip) Condron	Uachtarán & POF de chuid AXA Financial Inc.
Basil Geoghegan	Stiúrthóir Bainistíochta, Deutsche Bank, Londain

11.30rn	Tuairiscíonn grúpaí oibre an Aoine & Sathairn don seisiún iomlánach.

Brian Cowen, T.D.	Taoiseach
Mary Coughlan, T.D.	Tánaiste agus Aire Fiontar, Trádála & Fostaíochta
Micheál Martin, T.D	Aire Gnóthaí Eachtracha
Eamon Ryan, T.D.	Aire Cumarsáide, Fuinnimh & Acmhainní Nádúrtha
Tom McCarthy	POF, Foras Bainistíochta na hÉireann

1.00in	Lón i bhFarmleigh
2.30in	Seisiún iomlánach le díospóireacht phainéil maolaithe

"Éire agus a Diaspóra: ag baint leasa as acmhainn uathúil"

Modhnóir: David McWilliams (Eacnamaí, údar agus craoltóir)

Micheál Martin, T.D.	Aire Gnóthaí Eachtracha
Denis O'Brien	Cathaoirleach Digicel
John Hartnett	Uachtarán agus POF, G24 Innovations
Liam Casey	POF PCH International
Loretta Brennan Glucksman	Cathaoirleach American Ireland Fund

(Le sruthlú beo ar shuíomh gréasáin RTÉ)

3.45in	Focail dheiridh de chuid an Aire Gnóthaí Eachtracha, An tUasal Micheál Martin, T.D.
	Preasagallamh
7.30in	Dinnéar arna óstáil ag an Tánaiste, Mary Coughlan Uasal, T.D. i gCaisleán Bhaile Átha Cliath

Dé Domhnaigh, 20 Meán Fómhair

12.45in	Lón roimh Chluiche Ceannais Peile na hÉireann, Páirc an Chrócaigh

IARSCRÍBHINN III

- TÉACS Ó AITHEASC OSCAILTE AN TAOISIGH
- TÉACS Ó AITHEASC DEIRIDH AN AIRE GNÓTHAÍ EACHTRACHA

Óráid ón Taoiseach, An tUasal Brian Cowen, T.D. ag Fóram Eacnamaíochta Domhanda na hÉireann i dTeach Farmleigh ar an Aoine, 18 Meán Fómhair 2009 ag 2.00in

Réamhrá

A Chairde Gael.

Cuirim céad míle fáilte romhaibh anseo go Farmleigh inniu. Do chuid agaibh is teacht abhaile atá i gceist, do dhaoine eile is cuairt ar thír bhur sinsir í. Ach dúinn uilig is teacht le cheile atá anseo do chlann mór na hÉireann.

Is mór an onóir dom é fáilte a chuir romhaibh go léir anseo chuig an gcruinniú tionscnaimh de chuid Fóram Eacnamaíochta Domhanda na hÉireann.
Is mór ag an Rialtas agus agam féin go pearsanta, an t-am agus an t-iarracht a ghlac sibh go léir oraibh féin chun freastal ar an bhFóram.

Is ócáid uathúil í seo. Cé go bhfuil stair fhada ag mórán agaibh a bheith ag buaileadh agus i dteagmháil le Rialtas na hÉireann, is í seo an chéad uair riamh go bhfuil na baill is tábhachtaí agus is rathúla dár gcomhphobal domhanda tagtha le chéile in áit amháin agus le haidhm chomónta acu.

Tá súil agam go dtiocfaidh roinnt torthaí praiticiúla ónár ndíospóireachtaí chun cabhrú leis an dúshlán eacnamaíoch atá ann faoi láthair. Mar sin féin, ba cheart dóibh dearcadh níos fadtéarmaí den chaidreamh idir Éire agus a diaspóra a thógáil, agus conas ar féidir linn dul chun cinn inbhuanaithe a sheachadadh sa todhchaí.

Gan dabht, níl aon sainmhíniú eisiach ar cad is ciall le bheith Éireannach. Agus níor chóir go mbeadh ach an oiread. Is tír le beagáinín níos mó ná 4 mhilliún í Éire ach tá na milliúin eile ar fud an domhain a mhaíonn gur de shliocht Éireannach iad. Táimid bródúil as ár ndiaspóra agus féachaimid orthu siúd go léir a bhfuil cleamhnas acu leis an oileán mar acmhainn iontach.

Arís agus arís eile, tá an acmhainn sin tar éis dul chun leasa ar stair na hÉireann. Le blianta beaga anuas, tá sé feicthe againn conas a raibh ról ríthábhachtach ag na hÉireannaigh ar fud an domhain i bpróiseas na síochána i dTuaisceart Éireann, mar dhaoine aonair nó mar bhaill de phríomheagraíochtaí, ar nós na Ireland Funds.

Tá sé fíor chuí gurb é ceann d'iarmhairtí Chomhaontú Aoine an Chéasta, a chuireann tús le ré nua síochána ar an oileán seo, ná tabhairt isteach d'Alt 2 de Bhunreacht na hÉireann a sainíonn go: "*muirníonn náisiún na hÉireann a cleamhnas speisialta le daoine de shinsearacht Éireannach atá ina gcónaí thar lear a bhfuil a féiniúlacht agus oidhreacht cultúrtha acu*". An deireadh seachtaine seo tugaimid spreagadh athnuaite don dearbhú seo.

Tá ról tábhachtach ag ár gcomhphobal domhanda – agus ní mór dó leanúint leis an ról sin – i bhforbairt eacnamaíocht an oileáin seo.

Níl aon dabht agam ná go bhfuil na cinntí arna dhéanamh ag na comhlachtaí ilnáisiúnta ceannasaíochta chun infheistiú in Éirinn déanta ar bhonn mion-anailíse cás ghnó. Is suíomh tarraingteach le fada an lá agus fós í Éire chun infheistiú agus gnó a dhéanamh ann. Agus tá sé ar intinn againn é a choimeád mar sin. Is é sin an fáth go bhfuil an Rialtas, na príomh-pháirtithe freasúra, ár n-eagraíochtaí gluaiseachta ceardchumainn agus ceannairí de mórán de na comhlachtaí ilnáisiúnta aonair tar éis a shoiléiriú go mbeidh ár jab chun infheistíocht isteach a mhealladh agus a dhaingniú – agus an fhostaíocht a ghabhann léi – i bhfad níos deacra má theipeann orainn tacú le Conradh Liospóin.

Géarchéim Reatha

Tá ár bhfadhbanna eacnamaíochta reatha atá mar fhoinse go leor tráchta agus tuairimíochta thar lear ar eolas agaibh go léir.

Tá an ghéarchéim airgeadais domhanda tar éis dul i bhfeidhm go mór ar Éire le 12 mí anuas. Mar gheilleagar beag oscailte ar mór léi a cuid féin a shaothrú trí dhíol le mhargaí domhanda, táthar tar éis dul i bhfeidhm orainn níos mó ná mórán eile.

Tá bunús intíre ag cuid dár bhfadhbanna chomh maith – cosúil le géarlaghdú sa mhargadh maoine, géarchéim baincéireachta agus géar-mheathlú in airgeadra poiblí. Is dian é an tionchar ar an ngeilleagar iarbhír.

Mar is eol daoibh, tá an Rialtas ag glacadh le gníomh diongbháilte chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim.

Ina theannta sin, tagaimid le chéile ag am ina ndéanfaidh Éire roinnt roghanna ríthábhachtacha go gairid. Is iad Conradh Liospóin, bunú Gníomhaireachta Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus frámú an chéad Buiséid eile trí dhúshláin ollmhóra agus láithreacha ar mór dúinn a réiteach go dearfach. Ní mór dúinn a leithéid a dhéanamh, i dtreo is gur féidir le hÉire sinn féin a lonnú chun tairbhe a fháil de réir mar a théann an cor chun feabhais domhanda ar aghaidh.

Is geilleagar beag, oscailte sinn agus chun rathú, ní mór dúinn trádáil a dhéanamh go hidirnáisiúnta. Braitheann 2 as gach 3 post sa tír seo ar ár gcuid onnmhairí go dtí an AE. Ní mór dúinn an reifreann seo a dhaingniú le haghaidh poist, le haghaidh onnmhairí, le haghaidh infheistiú coigríche díreach. Cabhróidh sé seo lenár téarnamh eacnamaíoch a fhothacú.

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta á bhunú againn d'fhonn iasachtaí maoine agus forbartha maithe agus olca araon a bhaint ó chláir chomhardaithe na mbanc Éireannacha. Ligfidh sé seo do na bainc dul ar ais chuig a ngnáth gnó d'iasachtaí a thabhairt ar mhaithe le hinfheistíocht bisiúil. Cabhróidh sé seo le bunús seasmhach a sholáthar do théarnamh eacnamaíoch chomh maith.

Táimid tiomanta don ghanntanas poiblí a laghdú go 3% den OTI faoi dheireadh-2013. Tá ceartuithe suntasacha déanta againn cheana féin i 2009, lena n-áirítear tobhach pinsean a chur i bhfeidhm ar phá na seirbhíse poiblí de 7.5% ar an meán. Déanfaimid tuilleadh cinntí deacra atá de dhí um Nollaig i mBuiséad 2010. Agus cabhróidh an

gníomh buiséadta riachtanach seo le téarnamh eacnamaíoch a sheachadadh chomh maith.

Mar sin fein ní mór dúinn Éire a athshuí don todhchaí freisin. Tá clár oibre na deireadh seachtaine seo deartha le comhairle a lorg faoi fhorbairtí agus tionscnaimh thar lear ar féidir a chinntiú go bhfuil Éire ullamh don chor chun feabhais domhanda.

Beidh saincheisteanna ó íomhá go nuálaíocht, agus ó bhuacacht go brandáil á bplé againn. Ní mór dúinn cuimhneamh nach iad na gníomhaíochtaí lena nglacaimid amháin chun sinn féin a ullmhú atá tábhachtach, ach gurb é ár ndearcadh chomh maith. Ní mór dúinn feidhmiú le chéile le dóchas seachas éadóchas, le misneach seachas eagla, agus ní mór dúinn féachaint ar aghaidh in ionad féachaint siar.

Tá branda na hÉireann mar bhunús le haghaidh cuid dár bpléití. Creidim go bhfuil sainluach bunúsach ag baint le bheith Éireannach. Tá aithne ag daoine orainn. Tá aithne ar ár dtír, a tírdhreach agus a cultúr ar fud an domhain. Ní mór dúinn an branda sin a fhorbairt agus a athchóiriú anois agus é a úsáid i dtreo is go mbeadh buntáiste iomaíoch againn i ndomhan domhandaithe. Ní mór dúinn féin na tréithe dearfacha a fheiceann daoine eile ionainn a léiriú.

Ag Tógáil Geilleagar Cliste na hÉireann

Deireann daoine “an slí is fearr chun an todhchaí a thuar ná í a cheapadh”.

Ní leor teacht slán as an ngéarchéim ollmhór domhanda seo. Is léir ó ghéar-chúluithe domhanda a tharla roimhe seo go bhfuil ar tíortha a ngeilleagair a athstruchtúrú le díriú ar an gcéad borradh eile d’fhás eacnamaíoch i dteannta leis an stoirm eacnamaíocht a chur díot.

Ní mór dúinn geilleagar na hÉireann a athshuí don chor chun feabhais. Is í Éire ceann de na geilleagair is oscailte ar domhan. Braithfidh todhchaí ár n-eacnamaíocht ar onnmhairí.

Is eacnamaíocht chliste, ardluach, bunaithe ar onnmhairiú í Éire na todhchaí. Beidh roinnt de na comhlachtaí ilnáisiúnta dian-taighde is ceannasaí ar domhan aici, roinnt dóibh a bheidh faoi úinéireacht Éireannach.

Beidh na mílte fiontair nuálaíochta beaga agus meánmhéide aici.

Beidh na cuideachtaí seo ag cruthú táirgí agus seirbhísí na todhchaí agus ag soláthar fostaíocht ar ardchaighdeán do mhuintir na hÉireann.

Beidh seirbhísí poiblí cliste, éifeachtacha agus dírithe ar shaoránaigh i bhfeidhm sa tír.

Beidh sí neamhspleách ó thaobh fuinnimh de agus beidh comhshaoil mhaireachtála ar ardluach aici le réitigh iompair chliste ann.

Is í sin an todhchaí ar mian liom go mbainfimis amach.

I mí na Nollaig, d'fhoilsigh mé Creat um Athnuachan Eacnamaíochta Inbhuanaithe na hÉireann. Leagann an cháipéis seo amach ár gclár oibre don chéad cúpla bliain eile maidir le conas a thógfaimid Geilleagar Cliste. Is eacnamaíocht ard-táirgiúlachta é Geilleagar Cliste. Ní mór dúinn a bheith ag smaoineamh ar bhonn níos cliste, ag obair níos cliste agus a bheith níos cliste – ag gnóthú níos mó ar níos lú oibre i ngach earnáil de gheilleagar na hÉireann, idir poiblí agus príobháideach.

I gcroílár an choincheapa seo tá ár bhfís de 'Éire mar Oileán Nuálaíochta' – tír atá ina suíomh tarraingteach do chomhlachtaí nuálaíochta ilnáisiúnta chomh maith le bheith ina comhshaol cothaitheach do na fiontraithe is fearr sa bhaile, ón Eoraip agus níos faide i gcéin. Ach freisin mar thír ina bhfuilimid nuálaíoch ar fud raon an tsochaí.

Tá traidisiún bródúil de nuálaíocht chultúrtha ag Éire leis na céadta fada. Tá aithne orainn dár litríocht, dár n-amharclannaíocht, dár n-ealaíon. Ach tá an cháil is mó orainn dár nuálaíocht san eolaíocht, teicneolaíocht agus gnó.

Ní mór dúinn leas a bhaint as an sócmhainn is fearr atá ag Éire – bua agus intleacht ár muintir.

Ní mór dúinn cultúr fiontraíochta a fhorbairt ó dhaltaí scoile na tíre anuas agus tríd na hollscoileanna agus na hinstitiúidí go léir agus ar fud ár gcuideachtaí. Ba cheart gur barrmhian réasúnta a bheadh inti do na leanaí go léir a mbeirtear sa tír seo go d'fhéadfadh go mbeadh an deis acu lá éigin a gnó féin a bhunú. Tá iarracht á dhéanamh agamsa é sin a dhéanamh.

San am atá thart, bhaineamar úsáid as ceann de na tréithe is fearr de chuid na hÉireann, is í sin ár gcumas le bheith solúbtha agus cinntí tapa a dhéanamh chun ligean dúinn a bheith chun tosaigh. Rinneamar a leithéid agus Lárionad Seirbhísí Airgeadais Idirnáisiúnta á bhunú againn. Rinneamar a leithéid nuair a bheartaíomar forbairt mar Cheanncheathrúna na hEorpa le haghaidh roinnt de chuideachtaí is fearr ar domhain.

Leagtar bunphlean amach sa cháipéis *Building Ireland's Smart Economy* faoi conas ar féidir linn a chinntiú go mbainimid a leithéid de rath amach arís. Ach tá do chuid cabhrach de dhíth orainn.

Tá do chuid cabhrach de dhíth orainn chun deiseanna a aithint agus ár straitéisí a mhúnlú chun leas a bhaint astu -

- cá bhfuil na deiseanna eacnamaíochta nua d'Éire?

- cad is gá dúinn a dhéanamh sular féidir linn leas a bhaint astu?

- conas is fearr is féidir linn tarraingt ar chomhphobal domhanda na hÉireann chun cabhrú linn an claochlú seo a dhéanamh?

Táimid, an Rialtas, suite go daingean le meon éisteachta, agus níos déanaí um thráthnóna agus amárach, tá grúpaí oibre tionólta againn, le hAire ina cathaoirleach ar ceachtar dóibh, ina bhfuilimid ag iarraidh ort cabhrú linn slite nua a aimsiú chun Éire a chur chun tosaigh san ord eacnamaíochta domhanda nua -

Conas a chruthaímid “Silicon Valley na hEorpa” in Éirinn. Conas a mheallaimid an bua is fearr go hÉireann agus conas a thugaimid tacaíocht dár mbuanna dúchasacha féin?

Conas a chinntímid go leanaimid orainn mar mhaighnéad d’ardluach infheistíochta isteach?

Conas a bhainimid an tairbhe is mó gur féidir as ár n-acmhainní nádúrtha agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair na hearnála bia agus talmhaíochta?

Conas a dhéanaimid ‘Branda na hÉireann’ a athshuí d’fhonn Éire a dhaingniú mar cheann scríbe turasóireachta ceannasaíochta?

Conas a chinntímid go dtáirgeann ár gcóras oideachas ceannairí oilte an Gheilleagair Chliste – cruthaitheacht, nuálaíocht, agus taobhsmaointeoireacht a chothú?

Cén ról a bheidh ag ár dtaiscumar cultúrtha agus ealaíne iontach d’oidhreacht saibhir agus bua comhaimseartha agus ár n-eacnamaíocht á fhorbairt?

Déanfar na hábhair seo agus níos mó a phlé thar an chéad dhá lá eile.

Conclúid

Leis na díospóireachtaí seo agus malartú smaointí, ba mhaith liom a rá arís cé chomh mór ag an Rialtas do láithreacht anseo. Beimid ag éisteacht go cúramach leis na moltaí agus dearcaidh go léir a aimsítear agus beimid ag feidhmiú ar an méid a chloisimid.

Creidim gurb í an deireadh seachtaine seo tús de chéim tábhachtach nua inar gcaidreamh le muintir na hÉireann atá i róil cheannasaíochta ar fud an Domhain. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil libh go léir as ucht teacht anseo, tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh as an bhFóram agus go mbeidh sé áiseach daoibh agus táim ag tnúth le bheith ag caint le mórán daoibh i gcaitheamh an chéad dhá lá eile.

Guím gach rath oraibh.

Go n-éirí libh.

CRÍOCH

Fóram Eacnamaíochta Domhanda na hÉireann

Aire Gnóthaí Eachtracha

Ráiteas Deiridh

Léiríonn éagsúlacht na dtuairimí a cuireadh in iúl i gcaitheamh an Fhóraim seo an raon fairsing taithí atá le feiceáil i measc ár rannpháirtithe. Léirítear freisin beogacht na nÉireannach domhanda agus a meon intleachta, uaillmhéine agus samhlaíochta láidir.

Trí an Fóram seo a thionóil, rinne an Rialtas iarracht an samhlaíocht seo a chothú i slí a chabhróidh lenar dtéarnamh eacnamaíoch agus a ghinfidh idirchaidreamh níos déine agus níos straitéise idir Éire agus na hÉireannaigh thar lear.

Tá súil agam go n-aontódh sibh go léir go raibh an Fóram spreagthach agus táirgiúil, agus gabhaimid buíochas libh go léir as. Bhí ár ndíospóireachtaí dírithe, dúshlánach agus, uaireanta, urrúnta. Níor thángamar anseo d'fhonn léirisc a mhalartú. Thángamar le bheith macánta, oscailteach agus táirgiúil. Creidim gur bhaineamar amach cad a bheartaíomar dhéanamh: raon smaointí a aithint chun cabhrú aghaidh a thabhairt ar na dúshláin eacnamaíochta atá os ár gcomhair; agus céim tábhachtach a thógáil i dtreo caidreamh nua, níos dinimiciúla a bhunú idir Éire agus a Diaspóra.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil le gach duine a chabhraigh le rathúlacht na hócáide tionscnaimh seo a chinntiú:

An Taoiseach, an Tánaiste agus mo chomhghleacaithe Comh-aireachta; na hoifigigh laistigh de mo Roinn féin agus na Ranna eile a chabhraigh le heagrú na hócáide seo; agus an fhoireann iontach anseo i bhFarmleigh a ndearna gach iarracht a chinntiú go raibh ár gcuid ama anseo compordach.

Ár modhnóirí agus éascaitheoirí i gcaitheamh na deireadh seachtaine seo, Fionnuala Sweeney, David McWilliams, Fergal Keane, John Bowman agus Foras Bainistíochta na hÉireann a reáchtáil gach rud le scil iontach, ag ligean do raon smaointí chomh fairsing agus is féidir teacht chun cinn.

Táim buíoch chomh maith leis na mílte daoine Éireannach, sa bhaile agus i gcéin, a chuir a dtacaíocht láidir don ócáid seo in iúl, trínar líonra misean, ar ár suíomh gréasáin, nó i dteachtaireachtaí pearsanta. Tá an tionscnamh tar éis samhlaíocht an phobail a ghabháil- cuirtear fáilte mór roimh meon an tsoirbhíochais agus an fhuinnimh a gineadh anseo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo agus leo siúd go léir a d'fhéach ar imeachtaí na hócáide ar líne, as ucht a gcuid tacaíochta agus rannpháirtíochta.

Níos tábhachtaí fós, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na rannpháirtithe atá anseo ag an bhfóram arís. Trí thaisteal ó chian is ó chóngar le bheith linn an deireadh seachtaine seo, táthar tar éis do thacaíocht seasmhach agus suim inár dtír a léiriú agus táthar tar éis láidreacht agus beogacht ár gcomhphobal domhanda a chur i gcuimhne d'Éireannaigh go léir.

Tá sárchaighdeán ár rannpháirtithe ar aon dul le caighdeán ár ndíospóireachtaí.

Déanfaidh an Rialtas athleanúint mionsonrach ar na tograí a moladh an deireadh seachtaine seo thar raon earnálacha ag an leibhéal is airde. Beidh an Taoiseach i gceannas ar an bpróiseas seo. Cuirfidh bhur gcuid smaointí go díreach leis an bpróiseas beartais eacnamaíoch agus buiséid i mbliana- an próiseas buiséadta is tábhachtaí atá glactha ag an Stát seo in aon ghlúin amháin agus próiseas a mhúnlóidh tosaíochtaí na tíre thar an chéad deich mbliana eile. Beidh ról tábhachtach acu chomh maith agus obair an Tascfhórsa Nuálaíochta á mhúnlú, atá le tuairisciú roimh dheireadh na bliana.

Ní chuirfear scaoileadh neamhghnách an fhuinnimh, an eolais agus na diongbháilteachta seo a bhí mar chomhartha an Fhóraim seo amú.

Lig dom a bheith an-soiléir mar sin - tabharfar do chuid oibre ón deireadh seachtaine seo ar aghaidh agus feidhmeofar uirthi.

Cuirim fáilte, ach go háirithe, roimh na mórán smaointí atá pléite againn faoi conas ar féidir leis na hÉireannaigh sa bhaile agus thar lear caidreamh níos táirgiúla a chruthú. Beidh mo Roinn féin ag cur le hobair an Fhóraim seo d'fhonn Líonra Éireannach

Domhanda a fhorbairt. Beidh na daoine siúd atá i láthair anseo agus baill eile dár gcomhphobal domhanda ina measc agus bainfidh sé úsáid as meáin agus teicneolaíocht nua-aimseartha fad is a dtarraingeofar ar ár n-oidhreacht cultúrtha. Agus a leithéid á dhéanamh, beimid ag úsáid acmhainní iomlána ár misin daonlathacha agus consalacha.

Cuirim fáilte roimh roinnt smaointí sainiúla eile sa réimse seo freisin, lena n-áirítear 'Gateway Ireland, tairseach ar líne' nua; malartú oideachais i bhfad níos leithne agus cláir scoláireachta do bhaill óga na nÉireannach domhanda; agus turasóireacht nasctha leis an Diaspóra leathnaithe.

Dearbhaím do gach duine atá i láthair anseo inniu gurb é seo an tús ó leibhéal nua rannpháirtíochta inbhuanaithe libhse. Sna seachtainí agus míonna atá le teacht, cuirfimid leis an gconradh seo; cuirfear gach duine agaibh ar an eolas go mion faoi thorthaí an Fhóraim agus faoi na céimeanna atá tógtha againn chun na tionscnaimh a moladh anseo a chur i bhfeidhm. I bhfocail eile, teastaíonn uainn go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil scair nua agaibh inár dtír agus ina todhchaí agus go bhfuil luach suntasach ag baint le bhur gcuid rannpháirtíochta anseo.

Trí lucht gnó rathúla Éireannacha a thabhairt le chéile ó cheann ceann an domhain, níl aon dabht agam ná go mbeimid tar éis an fhorbairt de líonraí agus caidrimh nua a éascú, a mbeidh a tairbhí d'eacnamaíocht na hÉireann suntasach, cé nach mbeidh siad le feiceáil nó le meas láithreach bonn.

Mar a thug an Taoiseach le fios inné, tá Éire agus a comhphobal domhanda nasctha go dlúth le fada an lá. Cabhraímid a chéile a sainmhíniú. Tá Éire nua-aimseartha múnlaithe i mórán slite ag taithí na heisimirce éigeantaí, ag brú agus tarraingt na heisimirce agus ag toilteanas na ndaoine sin atá thar lear fanacht i dteagmháil le agus ag tacú leis an tír seo.

Gan dabht, níl ann sna daoine siúd atá bailithe anseo i bhFarmleigh ach cuid beag dár nDiaspóra. Cé go raibh an rannpháirtíocht anseo teoranta, de bharr riachtanais, tá an teachtaireacht a thagann as cuimsitheach: Muirníonn Éire a comhphobal domhanda

agus aithníonn sí an rannpháirtíocht ollmhór a dhéanann sibh, d'Éire agus don domhan i gcoitinne.

Níos déanaí i mbliana, rachaidh mé ar cuairt go dtí an Bhreatain, na Stáit Aontaithe agus an Áise, agus arís beidh sé de phribhléid agam buaileadh lenár gcomhphobail Éireannach ann. Cosúil le rannpháirtithe an Fhóraim seo, tá a fhios agam go bhfuil féiniúlacht Éireannach láidir fós acu, agus cleamhnas mór acu lena dtír dhúchais.

Trí obair de chuid Aonaid na nÉireannach Thar Lear, leanfaimid orainn ag tairiscint tacaíochta do gach rannóg dár nDiaspóra. I dteannta leis an eilimint eacnamaíochta méadaithe a bhaineann lenár gcuid oibre, tá sé de rún daingean agam a chinntiú go leanfaimid orainn ag cur ard-tosaíocht ar fhreastal ar riachtanais na mball is leochailí de na hÉireannaigh thar lear. Tá an maoiniú a sholáthar an Rialtas le blianta beaga anuas tar éis a chinntiú go bhfuil caighdeán maireachtála na seanóirí agus na n-eisimirceach Éireannach leochaileach eile sa Bhreatain, i SAM, san Astráil agus in áiteanna eile tar éis feabhsú. Trí infheistiú a dhéanamh in áiseanna comhphobail agus tionscadail chaipitil, táimid ag cabhrú chun a chinntiú go bhfanann na comhphobail seo beoga i gcaitheamh na mblianta amach anseo freisin.

De réir mar a thógaimid naisc nua leis na baill is tábhachtaí de na hÉireannaigh domhanda, tá sé de rún daingean agam ár dtacaíocht agus tiomantas láidir do na heisimircigh is mó ar an imeall agus is leochailí a chothabháil.

Tugann an Fóram, agus na tionscnaimh a tháinig as, aitheantas d'oidhreacht stairiúil na heisimirce agus athshuí ár gcaidreamh lena chéile chun freastal ar dhúshláin an domhain domhandaithe nua-aimseartha seo.

An deireadh seachtaine seo, thugamar aghaidh ar na mórán dúshláin suntasacha atá os ár gcomhair;

Tá fairsinge iontach na mbuanna agus intleachta atá le feiceáil i measc na nÉireannach domhanda feicthe againn;

Táimid tar éis a aithint nach féidir le hÉire ach leas a bhaint as dea-thoil agus uaillmhian ár nDiaspóra;

Agus tá caidreamh na hÉireann lenár gcomhphobal domhanda curtha ar rian nua corraitheach againn.

Ba mhaith liom buíochas a ghabhail libh go léir arís as ucht bhur dtoilteanas chun taisteal, bhur gcuid oscailteacht sna díospóireachtaí, agus an fhlaithiúlacht lenar thug sibh bhur smaointí agus saineolais.

IARSCRÍBHINN IV

TUARASCÁIL ULLMHAITHE AG FORAS BAINISTÍOCHTA NA hÉIREANN AR GHRÚPAÍ OIBRE GEILLEAGRACHA, 18 MEÁN FÓMHAIR 2009

Ar fáil as béarla.